



• don Ghaeilge • don Óige •

Lámhleabhar Foirne Ógras

LÁMHLEABHAR FOIRNE Ógras

Réamhrá

Is í aidhm an lámhleabhar foirne seo ná gach fostaí de chuid Ógras a chur ar an eolas maidir leis na príomh-théarmaí agus coinníollacha fostaíochta san eagraíocht. Leagtar amach go cuimsitheach sa lámhleabhar foirne na polasaithe agus nósanna imeachta tábhachtacha a bhaineann le d'fhostaíocht. Is acmhainn úsáideach an lámhleabhar seo do gach fostaí nua agus ba chóir go ndéanfaidh fostaithe tagairt dó ar bhonn leanúnach ó thaobh eolais i leith téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

Tá an lámhleabhar seo ann mar phointe tagartha do na fostaithe d'fhonn freagra a thabhairt ar aon fhiosrúchán a bheadh acu maidir le téarmaí agus coinníollacha a gcuid fostaíochta, mar shampla teidlíochtaí i ndáil le saoire, lena n-áirítear saoire bhliantúil agus saoire mháithreachais, nó an nós imeachta ar ghá cloí leis nuair atá cúis ghearáin ag fostaí ar mhian leis/léi a chur faoi bhráid na hEagraíochta.

Is mian le hÓgras aird ar leith na bhfostaithe a dhíriú ar na polasaithe agus na nósanna imeachta seo a leanas:

- **Comhdheiseanna;**
- **Polasaí Frithchiapadh & Frithchiapadh Ghnéasaigh;**
- **Polasaí Frithbhulaíochta**
- **Saoire;**
- **Sochair na bhFostaithe - Polasaithe;**
- **Polasaithe na hEagraíochta**
- **Nós Imeachta Smachta;**
- **Nós Imeachta Gearáin;**
- **Úsáid áiseanna teicneolaíocht na faisnéise.**

Is acmhainn úsáideach an lámhleabhar seo, agus tá sé tábhachtach go léifeadh gach fostaí go mion é in éineacht lena ráiteas féin maidir lena dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta (mar atá sa chonradh fostaíochta).

Aithnítear nach féidir leis an lámhleabhar seo gach ceist a fhreagairt a thiocfadh chun cinn le linn na fostaíochta, mar sin iarrtar ar fhostaithe labhairt leis an Riarthóir i gcás nach féidir leo an t-eolas iomchuí a aimsiú sa lámhleabhar seo.

Déanfar an lámhleabhar foirne a leasú ó am go chéile de réir athraithe ar an reachtaíocht nó athraithe ar chleachtais Ógras. Cuirfear aon athrú ar na nósanna imeachta agus na polasaithe a gcuirtear síos orthu sa lámhleabhar seo in iúl d'fhostaithe mar is iomchuí. Cuirfear aon athruithe ar ábhar an lámhleabhair seo in iúl do na fostaithe i scríbhinn agus rachaidh sé i bhfeidhm orthu a luaite is féidir go praiticiúil.

Gabhaim buíochas leat as an lámhleabhar seo a léamh go cúramach.

Is mise le meas,

Maedhbh Ní Dhónaill
Riarthóir Ógras

Admháil an Fhostaí

Ní mór duit an lámhleabhar seo a léamh ina iomláine. A luaithe agus atá sin déanta agus nuair atá tú deimhin de gur thuig tú ábhar an lámhleabhair, sínigh an doiciméad thíos, cuir an dáta leis agus cuir an leathanach comhlánaithe seo ar aghaidh chuig Riarthóir Ógras.

Má tá aon cheist agat maidir le hábhar an lámhleabhair, ní mór duit na ceisteanna sin a chur faoi bhráid an Riarthóra.

Ba mhaith liom a dhearbhú gur léigh mé agus gur thuig mé an t-eolas sa lámhleabhar foirne seo, agus aontaím cloí leis na polasaithe agus na nósanna imeachta arna leagan amach sa doiciméad. Tá mé tar éis aon fhiosrúchán a bhí agam i ndáil le haon chuid den lámhleabhar a chur faoi bhráid an Ard-Rúnaí ní mo Bhainisteora líne, agus freagraíodh na fiosrúcháin sin go sásúil. Aontaím a bheith faoi cheangal na gceanglas arna leagan amach sa lámhleabhar seo agus aon leasúchán a dhéanfar air amach anseo a d'fhéadfaí a eisiúint agus a chur in iúl dom le linn mo chuid fostaíochta.

Ainm an Fhostaí: _____

Dáta: _____

Ar son Ógras:-

Síniú an Riarthóra: _____

Dáta: _____

Clár

Leathanach:

Réamhrá	1
Admháil an Fhostaí	2
Clár	3
Caibidil 1 - Comdheiseanna	
1.1 Comhdheiseanna	5-7
1.2. Polasaí Frithchiaptha agus Frithchiaptha Ghnéasaigh	8-12
1.3. Polasaí Frithbhulaíochta	13-17
Caibidil 2 - Saoire an Fhostaí	
2.1. Saoire Bhliantúil agus Laethanta Saoire Poiblí	18-20
2.2. Saoire Thinnis agus Feidhmiúlacht chun Oibre	21-23
2.3. Sochair Tinnis	24-25
2.4. Saoire Mháithreachais	26-27
2.5. Saoire Uchtála	28
2.6. Saoire Thuismitheoirí	29-30
2.7. Saoire Force Majeure	31
2.8. Saoire Cúramóra	32-33
2.9. Saoire do Sheirbhís Giúiré	34
2.10. Laethanta Saoire Méala/Atruacha	35
2.11. Laethanta Saoire Atharthachta	36
2.12. Sos Gairme	37
Caibidil 3 - Nósanna Imeachta Smachta agus Gearáin	
3.1. Nós Imeachta Smachta	38-42
3.2. Nós Imeachta Gearáin	43-44
Caibidil 4 - Bainistiú na hIlchineálachta	
4.1. Earcaíocht agus Roghnúchán	46
4.2. Oiliúint agus Forbairt	47
4.3. Poncúlacht	48
4.4. Am Oibre, Sosanna agus Bristí Oibre	49
4.5. Fostaíocht Dhúbailte	50
4.6. Promhadh	51
4.7. Obair Pháirtaimseartha	52
4.8. Bainistí/Spás Oibre Glan	53
4.9. Maoin Phearsanta	54
4.10. Sonraí an Fhostaí agus Comhaid an Fhostaí	55
4.11. Caitheamh Tobac ar an Láthair Oibre	56
4.12. Foirceannadh Fostaíochta	57
Caibidil 5 - Teicneolaíocht Faisnéise, an tIdirlíon agus Ríomhphost	
5.1. Teicneolaíocht Faisnéise, an tIdirlíon agus Ríomhphost	58-59
Caibidil 6 - Sláinte agus Sábháilteacht	
6.1. Freagrachtaí Ginearálta Sláinte agus Sábháilteachta	60-62

RÉIMSÍ BREISE

A. Rúndacht	63
B. Taisteal agus Cothabháil ar Chúrsaí Gnó	64-65
C. Fóin Phóca	66
D. Am saor in lieu	67
E. Aisíoc ar Speansais Taistil Chomaitéara	68
F. Tástáil Súl VDU	69
G. Scéim Pinsean	70
H. Liúntas do Fhreagrachtaí ar Ghrád Níos Airde ?	71
I. Polasaí Coimhlint Leasa	72-74
J. Airteagail i mbunreacht Ógras maidir le fostaithe	75
K. Coinníoll Gaeilge	76
L. Sceidil an lámhleabhair foirne	77

1.1. COMHDHEISEANNA

Leagtar amach sa chaibidil seo polasaithe na heagraíochta i leith na nithe seo leanas:

- Polasaí Comhdheiseanna;
- Polasaí Frithchiaptha & Frithchiaptha ghnéasaigh;
- Polasaí Frithbhulaíochta.

Is é polasaí na heagraíochta é go mbeidh timpeallacht oibre atá saor ó bhulaíocht, ciapadh nó imeaglú ann do gach fostaí. Ní ghlacfar le bulaíocht agus ciapadh san eagraíocht riamh.

Treíonn na polasaí thíos tiomantas na heagraíochta d'fhorbairt agus cothú timpeallacht oibre atá saor ó chiapadh agus/nó leithcheal neamhdhleathach, agus atmaisféar ina léirítear meas ar dhínit gach fostaí.

AIDHM AN PHOLASAÍ

Is é aidhm an pholasaí seo tiomantas na heagraíochta a léiriú do chomhdheiseanna de réir cheanglais na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004.

Tacaíonn an polasaí freisin le cearta na ndaoine atá ag baint leasa as earraí nó seirbhísí faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 agus 2004.

An aidhm atá againn ná chomhdheiseanna a chothú agus caitheamh go cothrom le gach fostaí, le gach iarratas ar phost, le custaiméirí agus le daoine a thagann i dteagmháil linn le linn a ngnáthoibre laethúla.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo i bhfeidhm do gach ball d'fhoireann na heagraíochta agus gach iarratasóir ar phost leis an eagraíocht.

POLASAÍ

Cothaímid timpeallacht oibre atá saor ó chiapadh agus/nó leithcheal neamhdhleathach. Leagtar amach sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus sna hAchtanna um Stádas Comhionann naoi bhforas chosanta nach féidir leithcheal a dhéanamh bunaithe orthu. Is iad na forais sin:

- inscne,
- stádas pósta,
- stádas teaghlaigh,
- gnéaschlaonadh,
- aois,
- míchumas,
- cine,
- creideamh, agus
- ballraíocht den Lucht Siúil.

Tá Ógras tiomanta do chomhdheiseanna agus tá cleachtais i bhfeidhm aici i ndáil le rochtain ar fhostaíocht, ar choinníollacha fostaíochta, rochtain ar oiliúint agus ar thaithí, ardú céime nó athghrádú post, agus rangú post.

Ní dhéanfar cinntí ag tagairt do na forais seo mura bhfuil siad ina gcritéir dhlisteanacha sa chás áirithe, arna cheadú ag an reachtaíocht.

Tarlaíonn leithcheal díreach nuair nach gcaitear le duine amháin chomh maith céanna is a chaitear le duine eile, is ar caitheadh le duine eile nó ina gcaithfear le duine eile ar cheann de na forais atá sonraithe sa pholasaí seo. Tarlaíonn leithcheal indéach nuair a chuireann foráil, ceanglas, polasaí nó riail duine le saintréithe áirithe faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daoine nach mbeadh an tsaintréith sin acu.

NÓSANNA IMEACHTA

1. Rochtain ar Fhostaíocht:

- Beidh gach comórtas earcaíochta agus roghnúcháin oscailte do gach iarrthóir atá cáilithe go cuí.
- Déanfar cinntí earcaíochta de réir critéir shonraithe a éilítear don fholúntas áirithe sin.
- Féachfaidh Ógras lena chinntiú go mbeidh an próiseas earcaíochta saor ó aon leithcheal, bíodh an leithcheal sin díreach nó indéach, ar aon cheann de na naoi bhforas.
- Déanfar gach iarrthóir, bíodh sé/sí ina (h)iarrthóir seachtrach nó inmheánach, a mheas de réir critéir chóra chomhleanúnacha i ndáil leis an bpost.
- I gcás go gcuireann an t-iarrthóir in iúl go bhfuil riachtanais speisialta aige/aici maidir lena rannpháirtíocht sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, cuirfear cóiríocht chuí ar fáil dó/di, ar an gcoinníoll nach mbeadh sé sin ina ualach díréireach.

2. Rochtain ar Oiliúint agus ar Thaithí

- Cuirfear oiliúint ar fáil ar bhonn na riachtanas indibhidiúil agus de réir cheanglas an phoist atá ag an bhfostaí.
- Ní bheidh roghnúchán don oiliúint bunaithe ar aon cheann de na naoi bhforas.
- I gcás go gcuireann míchumas duine bac air/uirthi páirt a ghlacadh go hiomlán nó dul i mbun gníomhaíochtaí oiliúna, cuirfear cóiríocht chuí ar fáil ar an gcoinníoll nach mbeadh sé sin ina ualach díréireach.
- Cé go ndéanfar gach iarracht oiliúint a shocrú ionas go mbeidh Fostaithe páirtaimseartha in ann freastal air, beifear ag súil go gcuirfidh Fostaithe páirtaimseartha iad féin ar fáil, ó am go chéile, chun freastal ar oiliúint lasmuigh dá ngnáthuaireanta oibre.

3. Coinníollacha Fostaíochta

- Cuirfear téarmaí agus coinníollacha fostaíochta i bhfeidhm go cóir cothrom i gcás gach fostaí, gan aon bhaint aige le haon cheann de na forais atá luaite sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.
- Féachann Ógras le pá comhionann a sholáthar d'obair chomhchosúil.
- Déanann Ógras tréaniarracht timpeallacht oibre a sholáthar atá saor ó bhulaíocht, ó chiapadh nó ó chiapadh gnéasach.

4. Ardú Céime, Gníomhú ag leibhéal níos airde agus Athghrádú

- Beidh chomhdheiseanna ann ag gach céim den phróiseas ardaithe chéime, gníomhaithe ag leibhéal níos airde agus athghrádúcháin.
- Beidh roghnúchán le haghaidh ardú céime agus gníomhú ag leibhéal níos airde bunaithe ar chritéir shonraithe a bhaineann le ceanglais an phoist, agus ní bheidh aon bhaint ag na naoi bhforas leis an bpróiseas roghnúcháin.

5. Rangú Post

- Bainfear úsáid as teidil phoist atá neodrach ó thaobh inscne de agus ní bheidh baint ag aon cheann de na naoi bhforas le poist a rangú.

6. Cóiríocht Chuí

- Cuirfear cóiríocht chuí ar fáil ionas gur féidir le duine faoi mhíchumas cur isteach ar phost leis an eagraíocht, freastal ar agallamh, dul i mbun fostaíochta agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oiliúna de réir mar is infheidhme.
- Tá an gealltanais seo ann ar an gcoinníoll nach mbeadh a leithéid seo de chóiríocht ina hualach díréireach ar an eagraíocht, mura meastar go bhfuil a mhalairt iomchuí.

7. Stádas Comhionann

- Ní tharlóidh leithcheall ná ní chaithfear go neamhfhabhrach le duine fad is atá sé/sí ag baint leasa as earraí nó seirbhísí a chuireann Ógras ar fáil, ach amháin nuair a cheadaítear é de réir dlí agus nuair a théitear ina bhun le haidhm dhlísteanach. Níor chóir go mbeadh aon duine a bhaineann leas as earraí nó seirbhísí faoi réir ciaptha nó ciaptha ghnéasaigh fad is atá siad ag baint leasa astu seo.
- Ba chóir aon ghearán maidir leis seo a chur faoi bhráid an Riarthóir.
- Má tá aon fhostaí den tuairim gur sáraíodh an polasaí nó an nós imeachta seo féadfaidh sé/sí an cás a chur in iúl trí mheán nós imeachta gearáin na heagraíochta (féach Caibidil 3).
- Ní chaithfear le haon Fhostaí go neamhfhabhrach toisc gur chuir sé/sí cúis ghearáin in iúl i ndáil leis an bpolasaí seo.
- Déanfaidh Ógras monatóireacht ar an láthair oibre chun a chinntiú nach dtarlaíonn aon eachtra íospairte toisc gur cuireadh cúis ghearáin in iúl.
- Cuirfidh Ógras nósanna imeachta iomchuí smachta i bhfeidhm i gcás fostaí a dteipeann air/uirthi cloí leis an bpolasaí Comhdheiseanna seo.

1.2. POLASAÍ FRITHCHIAPTHA & FRITHCHIAPTHA GHNÉASAIGH

AIDHM AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo ann chun cuidiú leis an eagraíocht timpeallacht oibre a sholáthar atá saor ó chiapadh agus ó chiapadh gnéasach. Tá an nós imeachta gearáin ann lena chinntiú gur féidir le haon fhostaí a bhraitheann go raibh sé/sí faoi réir iompar míchuí, arna shainiú sa pholasaí seo, an cás a chur in iúl agus réiteach a lorg air ar bhealach iomchuí. Tacaíonn an nós imeachta smachta leis an nós imeachta seo, agus is féidir úsáid a bhaint as i gcás go bhfaightear fostaí ciontach i rannpháirtíocht in iompar ar chiapadh agus/nó chiapadh gnéasach é. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo a chinntiú go gcloítear leis na hait iomchuí de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004, a fhorálann go bhfuil an ceart ag gach duine obair i dtimpeallacht atá saor ó chiapadh agus ó chiapadh gnéasach. Chomh maith leis sin, comhlíonann an polasaí seo na ceanglais arna leagan amach sa Chód Cleachtais ar Chiapadh agus ar Chiapadh Gnéasach ar an láthair oibre.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo ann chun fostaithe a chosaint ar aon ghníomh ciaptha agus/nó aon ghníomh a bheadh ina chiapadh gnéasach a dhéanadh duine eile i gcoinne an fhostaí, bíodh an duine sin ina f(h)ostaí eile, ina bhall den lucht Bainistíochta, nó aon duine eile a bheadh i dteagmháil leis an bhfostaí le linn na fostaíochta ar duine é/í a bhfuil caidreamh gnó ag an eagraíocht leis/léi, m.sh. Comhaltaí Boird, soláthraí seirbhíse, srl. Tá feidhm ag an bpolasaí seo i gcás go dtarlaíonn an t-iompar do-ghlactha ar an láthair oibre, nó in aon áit eile a bhfreastalaíonn an fostaí uirthi le linn na fostaíochta m.sh. comhdháil / seimineár nó imeacht oiliúna lasmuigh den láthair oibre.

POLASAÍ

Tá Ógras tiomanta do thimpeallacht oibre saor ó chiapadh agus ó chiapadh gnéasach a chur ar fáil. Tá gach fostaí cosanta ag an bpolasaí seo agus iarrtar orthu aon chúis inniú atá acu a chur in iúl i ndáil le chiapadh nó chiapadh gnéasach trí mheán an nós imeachta gearáin a bhfuil cur síos air sa pholasaí seo. Má bhíonn tú i bhfianaise ar iompar ciapthach, ba chóir duit an duine atá thíos leis an iompar sin a chur ar an eolas faoin bpolasaí seo agus impí orthu an scéal a chur in iúl trí mheán na nósanna imeachta gearáin. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh tú an scéal in iúl do lucht bainistíochta na heagraíochta.

Cad is Ciapadh ann?

Sainmhíniú – Is éard is ciapadh ná aon ghníomh nó aon iompar, a bhfuil mar chuspóir nó mar éifeacht aige go sáraítear dínit an duine agus go gcruthaítear timpeallacht imeaglaítheach, naimhdeach, tháirchéimneach, uiríslitheach nó ionsaitheach do dhuine ar aon cheann de na naoi bhforas chosanta seo a leanas: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

I measc na nithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an iompar gan iarraidh tá, gníomhartha, iarratais, focail labhartha, geáitsí nó táirgeadh, taispeántas nó scaipeadh ar fhocail scríofa, ar phictiúir nó ar ábhar eile.

Seo a leanas liosta ina bhfuil samplaí d'iompar ciapthach. Níl sa liosta seo ach ábhar léiriúcháin amháin, áfach, agus ní liosta uileghabhálach é. Déanfar gach cás a mheas ar a fhiúntas féin:

- Táirgeadh, taispeántas nó scaipeadh ar ábhar ionsaitheach m.sh. ríomhphoist aoisíocha;
- Cúlchaint mhailíseach ar cheann de na forais leithcheala;
- Scéalta grinn nó ráitis chiníocha;
- Geáitsí ionsaitheacha;
- Duine a eisiaimh nó a fhágáil ar lár ar an láthair oibre m.sh. toisc a míchumais;
- Bagairtí ó bhéal spreagtha ag ceann de na forais liostáilte.

Cad is Ciapadh Gnéasach ann?

Sainmhíniú – Is éard is ciapadh gnéasach ná cineál iompair ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiceach de chineál gnéasach, a bhfuil mar chuspóir nó mar éifeacht aige go sáraítear dínit an duine agus go gcruthaítear timpeallacht imeaglaitheach, naimhdeach, tháirchéimneach, uiríslitheach nó ionsaitheach don duine.

I measc na nithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an iompar gan iarraidh tá, gníomhartha, iarratais, focail labhartha, geáitsí nó táirgeadh, taispeántas nó scaipeadh ar fhocail scríofa, ar phictiúir nó ar ábhar eile.

Seo a leanas liosta ina bhfuil samplaí de chiapadh gnéasach. Níl sa liosta seo ach ábhar léiriúcháin amháin, áfach, agus ní liosta uileghabhálach é. Déanfar gach cás a mheas ar a fhiúntas féin:

- Aird ghnéasach gan fáilte;
- Fonóid nó claontagairt ghnéasach;
- Stánadh/claonfhéachaint/spallaíocht gan fáilte;
- Foilseacháin/litríocht/pornagrafaíocht atá ionsaitheach ó thaobh an ghnéis de;
- Teagmháil choirp míchuí d'aon ghnó idir bhacadh le duine agus ionsaí iomlán;
- Litreacha/nótaí ionsaitheacha nó úsáid ionsaitheach na teicneolaíochta.

Ceann de na gnéithe a chaithfidh a bheith ag baint leis an gcineál iompair a bheadh ina chiapadh gnéasach ná nach bhfuil sé ag teastáil ón bhfaighteoir. Idir dhealaíonn sé é ó iompar a bhfuil fáilte roimhe agus a chomhalartaítear.

Ní ghlacfar le ciapadh gnéasach bíodh sé á dhéanamh ag daoine níos sinsearaí, ag piaraí, nó ag daoine níos sóisearaí, ag daoine nach fosaithe iad nó ag daoine den ghnéas céanna.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach fostaí go bhfuil sé de dhualgas ar an eagraíocht gach gearán maidir le ciapadh gnéasach a iniúchadh, cibé acu an raibh sé de rún ag an gciapathóir dul i mbun an iompair sin nó nach raibh.

NÓSANNA IMEACHTA

Tá idir nósanna imeachta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ann chun déileáil le cásanna de chiapadh agus/nó de chiapadh gnéasach ar an láthair oibre. Cé gur fearr leis an eagraíocht dá bhféadfá dul i ngleic leis an gcás ag baint úsáide as an nós imeachta neamhfhoirmiúil ar dtús, tuigtear nach mbeadh seo i gcónaí oiriúnach, agus mar sin níl aon riachtanas ann an nós imeachta neamhfhoirmiúil a thriail ar dtús sula dtéitear tríd an nós imeachta foirmiúil.

Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil

Go minic is fearr, ar mhaithe le gach duine i gceist, déileáil go neamhfhoirmiúil le gearáin faoin bpolasaí seo agus réiteach a fháil orthu idir na páirtithe, nuair is féidir. De ghnáth faightear réiteach gasta éifeachtach ar an scéal ar an mbealach seo agus laghdaíonn sé an méid náire agus an baol atá ann rúndacht a sháruí, agus cosnaíonn sé an caidreamh oibre freisin.

An aidhm atá leis an gcur chuige neamhfhoirmiúil ná deireadh a chur le ciapadh nó ciapadh gnéasach leis an íosmhéid aighnis agus brú do na daoine go léir atá i gceist.

I roinnt mhaith cásanna bíonn an fostaí i mbun an iompair ionsaithigh gan fhios dó/di féin go bhfuil a g(h)níomhartha míchuí, nó d'fhéadfadh gur baineadh míthuiscint as a f(h)ocail nó a g(h)níomhartha. I gcásanna dá leithéid ba chóir gach iarracht a dhéanamh an mhíthuiscint a réiteach go gasta, ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Is é atá i gceist leis an nós imeachta neamhfhoirmiúil ná cur chuige neamhachrannach á ghlacadh ag an duine atá thíos leis an iompar i leith an duine atá i mbun an iompair ag cur in iúl dó/di go bhfuil tionchar ag a niompar orthu agus iarraidh orthu deireadh a chur leis an iompar sin.

Ba chóir dul ina bhun seo go príobháideach, agus ba chóir dó a bheith neamhachrannach. Ba chóir comhairle a lorg ó aon Bhainisteoir san eagraíocht i ndáil leis an nós imeachta seo.

Nós Imeachta Foirmiúil

Tuigtear nach mbeidh sé i gcónaí indéanta úsáid a bhaint as an nós imeachta neamhfhoirmiúil chun réiteach a fháil ar an scéal. Uaireanta ní bheidh an fostaí compordach dul chun cainte leis an bpáirtí eile, nó seans go mbeadh an fostaí den tuairim go bhfuil an scéal ró-thromchúiseach aghaidh a thabhairt air ag baint úsáide as an nós imeachta neamhfhoirmiúil. Sna cásanna sin, nó más rud é gur theip ar an nós imeachta neamhfhoirmiúil réiteach a fháil ar an scéal, ba chóir iarracht a bhaint as an nós imeachta foirmiúil arna leagan amach sa pholasaí seo.

Chun gearán foirmiúil a dhéanamh, d'fhéadfaí tús a chur le cúrsaí ach dul chun cainte leis an mBainisteoir i ndáil leis an gceist. Cé go ndéantar an chéad ghearán ó bhéal de ghnáth, tá sé de cheangal ar an bhfostaí an gearán a thaisceadh i scríbhinn lena chinntiú go mbeidh iniúchadh cóir cothrom ann. Má tá cúnaimh ag teastáil ón bhfostaí an gearán a chur i scríbhinn ba chóir dó/di dul i gcomhairle leis an mBainisteoir chun é seo a shocrú.

Ba chóir don ghearán an méid seo a leanas a shonrú:

- (i) Ainm dhéantóir líomhnaithe na coire;
- (ii) Cineál an chiaptha líomhnaithe .i. an tiompar ar iompar é atá ina chiapadh/chiapadh gnéasach;
- (iii) Dátaí/amanna agus áiteanna inar tharla an ciapadh/ciapadh gnéasach líomhnaithe;
- (iv) Ainmneacha finnaithe ar aon tarlú líomhnaithe;
- (v) Sonraí maidir le haon ghníomh a rinneadh cheana féin d'fhonn deireadh a chur leis an gciapadh/gciapadh gnéasach;
- (vi) Toiliú d'ainm agus na fíricí líomhnaithe atá á dtabhairt a chur in iúl do dhéantóir líomhnaithe na coire. Tá sé de cheangal é seo a dhéanamh ionas gur féidir leis an eagraíocht an scéal a iniúchadh agus gníomhú in imthosca iomchuí.

Nuair a fhaightear gearán cuirfear déantóir(i) líomhnaithe na coire in iúl i scríbhinn go ndearnadh gearán ina c(h)oinne, agus cuirfear cóip den ghearán ar fáil dó/di. Cuirfidh an té atá ag iniúchadh an ghearáin in iúl an t-amscála le réiteach a fháil ar an ngearán, ach d'fhéadfaí síneadh a chur leis an amscála seo, áfach, nuair is gá. Déanfar ráitis ón ngearánach, ó dhéantóir líomhnaithe na coire agus ó aon fhinné a thaifeadadh i scríbhinn. Tabharfar seans cóir cothrom dó/di freagairt don líomhain/do na líomhaintí, de ghnáth laistigh de thréimhse cúig lá oibre.

Beidh an gearán agus an freagra faoi réir iniúchadh tosaigh a chuirfidh ball eamhchlaonta den lucht Bainistíochta nó duine iomchuí eile i gcrích, ag féachaint leis an ngníomhaíocht iomchuí a chinneadh. Samplaí de ghníomhaíochtaí iomchuí ag an staid seo ná réiteach a fháil ar an scéal trí mheán eadrána nó breithniú a dhéanamh ar réiteach a fháil ar an scéal ag baint úsáide as an **Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil**, ar an gcoinníoll go gceadaíonn an dá pháirtí é seo. I gcás go measfaí go mbeadh ceachtar den dá chur chuige seo míchuí nó éiginntitheach, tabharfar faoi iniúchadh foirmiúil ar an ngearán ag féachaint le fíoraí an cháis a chinneadh.

I ngach cás ní bheidh aon tátal ciontachta ann i gcoinne dhéantóir líomhnaithe na coire, agus tabharfar deis chóir chothrom dó/di freagairt don líomhain.

Caithfidh gach fostaí atá páirteach san iniúchadh rúndacht a urramú; i gcás go dteipeann orthu déanamh amhlaidh d'fhéadfaidís caingean smachta tromchúiseach a tharraingt orthu féin. Dearbhaítear rúndacht sa mhéid go bhfuil sé indéanta go réasúnta. Féadfar an dá pháirtí a chur ar fionraí gan phá, gan aon tát diúltach, ar feitheamh thoradh an iniúchta i gcás go measfadh an lucht Bainistíochta go bhfuil sé sin iomchuí. I gcás nach bhfuil sé seo indéanta, áfach, beifear ag súil go gcoinneoidh na páirtithe sa ghearán caidreamh dearfach oibre.

Nós Imeachta don Iniúchadh

Déanfaidh ball neamhspleách den lucht Bainistíochta nó, má mheastar é a bheith iomchuí, tríú páirtí a aontófar, an t-iniúchadh a reáchtáil. Is féidir níos mó ná duine amháin a cheapadh mar iniúcháirí i gcásanna áirithe, de réir mar is iomchuí. Déanfar an t-iniúchadh go críochnúil, go hoibiachtúil agus go híogair. Cosnófar lánrúndacht sa mhéid go bhfuil sé indéanta go réasúnta. Urramófar cearta an ghearánaigh, dhéantóir(i) líomhnaithe na coire agus aon fhinné a bhí páirteach sa phróiseas.

Casfaidh an duine / na daoine atá ceaptha mar iniúcháirí/i leis an ngearánach ar dtús báire d'fhonn tuilleadh eolais a fháil maidir leis an ngearán agus d'fhonn freagraí dhéantóir líomhnaithe na coire a chur faoi bhráid an ghearánaigh. Ina dhiaidh sin, tabharfar cuireadh do dhéantóir líomhnaithe na coire freastal ar chruinniú d'fhonn a f(h)reagraí don ghearánach a chíoradh agus aon fhianaise iomchuí a chur faoina b(h)raid. Cuirfear an fhianaise ar fáil roimh an gcruinniú ionas go mbeidh an deis ag an bhfostaí a f(h)reagra ar an bhfianaise a ullmhú.

Rachfar i mbun an méid cruinnithe a bhfuil gá leo go dtí go bhfuil an t-iniúcháir/ na hiniúcháirí sásta go raibh deis chóir chothrom ag gach páirtí a gcás a chur i láthair. Féadfar agallamh a chur ar fhinnéithe chomh maith ag féachaint leis na fíorais a bhaineann leis na líomhaintí a bhunú.

Tá gach páirtí a bhfuil sé de dhualgas orthu freastal ar chruinnithe an iniúchta i dteideal ionadaí a bheith leo, agus an ról a bheadh ag an ionadaí sin ná tacaíocht mhorálta a sholáthar, maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus a chinntiú go dtugtar deis chóir chothrom don fhostaí freagra a thabhairt agus fianaise a sholáthar ag aon cheann de chruinnithe an iniúchta.

Déanfar gach iarracht an t-iniúchadh a chur i gcrích chomh gasta agus is féidir laistigh den fhráma ama a aontaíodh. Ar chur i gcrích an iniúchta, cuirfidh an t-iniúcháir/ na hiniúcháirí tuarascáil scríofa faoi bhráid bhall den lucht Bainistíochta, ina mbeidh torthaí an iniúchta. Tabharfar an deis don dá pháirtí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na torthaí sula gcinnfidh an lucht Bainistíochta ar aon ghníomh.

Cuirfear torthaí an iniúchta in iúl i scríbhinn don ghearánach agus do dhéantóir líomhnaithe na coire, .i. ar seasadh leis an ngearán nó nár seasadh, nó cibé acu ar measadh an gearán a bheith mailíseach nó cráiteach nó nár measadh.

Torthaí an Iniúchta

I gcás go seastar le gearán cuirfear an toradh seo in iúl don dá pháirtí, agus cuirfear an leibhéal iomchuí den lucht Bainistíochta ar an eolas maidir leis. Gníomhóidh an lucht Bainistíochta go hiomchuí bunaithe ar thoradh an iniúchta. I measc na gcaingean a d'fhéadfadh an lucht Bainistíochta a chur i bhfeidhm tá caingean smachta foirmiúil ag teacht le nósanna imeachta smachta na heagraíochta¹, nó idirghabháil iomchuí eile a meastar í a bheith riachtanach d'fhonn atarlú iompair dá leithéid a chosc.

Déanfaidh an eagraíocht breithniú ar cibé acu an mbeadh sé oiriúnach maoirseacht bhreise a sholáthar, obair a athshannadh nó a atheagrú nó nach mbeadh. Sula gcuirfear aon chaingean smachta i bhfeidhm reáchtálfar éisteacht iomlán smachta de réir nós imeachta na heagraíochta. Tá

¹ Tá cur síos cuimsitheach ar nósanna imeachta smachta na heagraíochta ar fáil i gCaibidil 3 den Lamhleabhar seo.

sé tábhachtach go mbeadh Fostaithe ar an eolas go measann an eagraíocht gníomhartha áirithe de chiapadh nó de chiapadh gnéasach a bheith ina mí-iompar tromchúiseach agus go bhféadfaí iad a dhífhostú go hachomair dá bharr.

I gcás go bhfuil iniúchadh neamhchonclúideach agus nach seastar leis an ngearán, ní bheidh aon tátal diúltach ann i gcoinne aon pháirtí sa ghearán. Beifear ag súil go leanfaidh gach páirtí ag obair mar is gnách agus go n-iompróidh siad iad féin ar bhealach iomchuí ag an obair.

I gcás go bhfaightear go raibh an gearán ina ghearán mailíseach nó cráiteach, reáchtálfar éisteacht smachta leis an ngearánach chun an scéal a scrúdú tuilleadh. Ní féidir smachtbhanna a ghearradh ar an ngearánach ach sa chás seo. Is cion tromchúiseach é gearán mailíseach nó cráiteach a thaisceadh, agus ag brath ar thromchúis an scéil, féadfaidh an Eagraíocht a mheas go bhfuil sé ina mhí-iompar tromchúiseach agus d'fhéadfaí duine a dhífhostú go hachomair dá bharr.

I ngach cás, cibé acu má sheastar leis an ngearán nó nach seastar, déanfar monatóireacht ar an láthair oibre lena chinntiú go n-iompraíonn na páirtithe iad féin ar bhealach iomchuí agus nach dtéann siad i mbun iompar míchuí. Rachaidh an eagraíocht i mbun pé gníomhartha is gá ionas nach mbeidh an baol ann go dtarlóidh a leithéid d'iompar arís agus coimeádfaidh an Eagraíocht taifid d'idirghabhálacha chun na críche seo.

Achomharc

Féadfaidh ceachtar páirtí an cinneadh a achomharc, ag cur síos i scríbhinn don lucht Bainistíochta ar an gcúis atá leis an achomharc. Éistfidh Bainisteoir / duine neamhspleách nach raibh páirteach san iniúchadh roimhe sin leis na hachomhairc sin agus lorgófar comhairle agus tacaíocht neamhspleách chomh maith más gá.

Íospairt

Ní chaithfear le haon duine a ghlacann páirt sna nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu anseo go neamhfhabhrach de bharr a róil sa phróiseas, ach amháin i gcás go bhfaightear iad ciontach i gcion faoin bpolasaí.

Ciapadh / Ciapadh Gnéasach Tríú Páirtí

Ba chóir na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu sa pholasaí seo a úsáid chun déileáil le ciapadh nó ciapadh gnéasach a dhéanann tríú páirtí. Áirítear ar na smachtbhannaí ar féidir iad a ghearradh ar thríú páirtí: iad a eisiamh ón áitreabh, conradh a fhoirceannadh, nó bearta eile chun cosc a chur le hatarlú an iompair mhíchuí.

Freagrachtaí

Déanfaidh an lucht Bainistíochta a ndícheall a chinntiú go gcuirtear an polasaí seo i bhfios do gach fostaí agus cinnteoidh siad go ndéanfar an polasaí a chothú agus a nuashonrú de réir na n-athruithe reachtúla agus de réir aon leasuithe a dhéantar ar an gCód Cleachtais iomchuí.

Tá freagracht ar leith ar an lucht Bainistíochta ciapadh ar an láthair oibre a chosc agus bítear ag súil go dtabharfaidh an lucht Bainistíochta dea-shampla ina leith seo, fheasacht a chothú i leith an pholasaí seo, a bheith airdeallach le haghaidh comharthaí go bhfuil ciapadh ag titim amach, dul i ngleic le fadhbanna sula n-éiríonn siad níos measa, déileáil go híogair le fostaithe atá páirteach i ngearán a bhaineann le ciapadh agus monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí ar an láthair oibre ionas nach dtarlóidh ciapadh nó nach n-atarlaíonn ciapadh.

Beifear ag súil go gcloífidh fostaithe leis an bpolasaí seo agus go gcuirfidh siad in iúl a gcúiseanna imní trí mheán na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu sa pholasaí.

1.3. POLASAÍ FRITHBHULAÍOCHTA

AIDHM

Tá an polasaí seo ann chun cuidiú leis an eagraíocht timpeallacht oibre a sholáthar atá saor ó bhulaíocht. Tá an nós imeachta gearáin ann lena chinntiú gur féidir le haon fhostaí a bhraitheann go raibh sé/sí faoi réir iompar míchuí, arna shainiú sa pholasaí seo, an cás a chur in iúl agus réiteach a lorg air ar bhealach iomchuí. Tacaíonn an nós imeachta smachta leis an nós imeachta seo, agus is féidir úsáid a bhaint as i gcás go bhfaightear fostaí ciontach i rannpháirtíocht in iompar ar bulaíocht é.

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí seo a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht a freagrachtaí dlíthiúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, i ndáil le bulaíocht ar an láthair oibre.

Comhlíonann an polasaí seo na ceanglais atá leagtha amach sna Cóid Chleachtais a bhaineann le bulaíocht ar an láthair oibre freisin.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo ann chun fostaithe a chosaint ar aon ghníomh bulaíochta a dhéanadh duine eile i gcoinne an fhostaí, bíodh an duine sin ina f(h)ostaí eile, ina bhall den lucht Bainistíochta, nó aon duine eile a bheadh i dteagmháil leis an bhfostaí le linn na fostaíochta ar duine é/í a bhfuil caidreamh gnó ag an eagraíocht leis/léi, m.sh. Comhalta Boird, soláthraí seirbhíse nó conraitheoir. Tá feidhm ag an bpolasaí seo i gcás go dtarlaíonn an t-iompar do-ghlactha ar an láthair oibre, nó in aon áit eile a bhfreastalaíonn an fostaí uirthi le linn na fostaíochta m.sh. imeacht oiliúna lasmuigh den láthair oibre.

POLASAÍ

Tá Ógras tiomanta do thimpeallacht oibre saor ó bhulaíocht a chur ar fáil. Tá gach fostaí cosanta ag an bpolasaí seo agus iarrtar orthu aon chúis imní atá acu a chur in iúl i ndáil le bulaíocht trí mheán an nós imeachta gearáin a bhfuil cur síos air sa pholasaí seo. Má bhíonn tú i bhfianaise ar iompar bulaíochta, ba chóir duit an duine atá thíos leis an iompar sin a chur ar an eolas faoin bpolasaí seo agus impí orthu an scéal a chur in iúl trí mheán na nósanna imeachta gearáin. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh tú an scéal in iúl don lucht Bainistíochta.

Tá gach fostaí freagrach as timpeallacht oibre saor ó bhulaíocht nó ó iompar a d'fhéadfadh bheith ina chúis le bulaíocht a chruthú agus a chothú. Ní dhéanfar fostaithe a íospairt toisc iad a bheith páirteach i ngearáin.

Cad is Bulaíocht ar an Láthair Oibre ann?

Sainmhíniú - Is éard is Bulaíocht ar an láthair oibre ná iompar míchuí, díreach nó indíreach, bíodh sé ó bhéal, fisiceach nó de chineál eile, a dhéanann duine amháin nó níos mó ná duine amháin i gcoinne duine nó daoine eile, ar an láthair oibre agus/nó le linn na fostaíochta, a bhféadfaí é a mheas a bheith ag baint an bhoinn de cheart an duine dínit a bheith acu ar an láthair oibre.

Cé go bhféadfadh tarlú aonair den chineál seo iompair cur isteach ar dhínit an duine ag an obair, ní fhéadfaí bulaíocht a thabhairt air.

Seo a leanas liosta ina bhfuil samplaí d'iompar bulaíochta. Níl sa liosta seo ach ábhar léiriúcháin amháin, áfach, agus ní liosta uileghabhálach é. Déanfar gach cás a mheas ar a fhiúntas féin:

- Eisiamh a bhfuil iarmhairtí diúltacha ag baint leis;
- Drochíde ó bhéal;

- Iompar bagrach;
- Cur i gcéill gur dóibh féin atá an chreidiúint ag dul do smaointe daoine eile;
- Náiriú poiblí;
- Iarracht duine a mheas faoi bhun a luach ar bhonn leanúnach;
- Cáineadh de shíor gan bhunús;
- Béicíl nó iompar imeaglach eile;
- Fonóid, scige, claontagairt;
- Eolas a bhaineann leis an obair a choinneáil siar.

Cén sórt iompair nach Bulaíocht é?

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach meastar é a bheith ina bhulaíocht má chuirtear smacht réasúnta atá riachtanach ar dhuine agus é seo ag eascairt as dea-bhainistíocht ar fheidhmíocht, ar iompar nó ar fhreastal an Fhostaí. Ní mheasfar é a bheith ina bhulaíocht ach oiread má ghlactar caingean ar féidir seasamh leis ar fhorais sláinte agus sábháilteachta.

NÓS IMEACHTA

Tá idir nósanna imeachta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ann d'fhonn déileáil le cásanna de bhulaíocht ag an obair. Cé gur fearr leis an eagraíocht dá bhféadfá dul i ngleic leis an gcás ag baint úsáide as an nós imeachta neamhfhoirmiúil ar dtús, tuigtear nach mbeadh seo i gcónaí oiriúnach, agus mar sin níl aon riachtanas ann an nós imeachta neamhfhoirmiúil a thriail ar dtús sula dtéitear tríd an nós imeachta foirmiúil.

Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil

Go minic is fearr, ar mhaithe le gach duine i gceist, déileáil go neamhfhoirmiúil le gearáin faoin bpolasáí seo agus réiteach a fháil orthu idir na páirtithe, nuair is féidir. De ghnáth faightear réiteach gasta éifeachtach ar an scéal ar an mbealach seo agus laghdaíonn sé an méid náire agus an baol atá ann rúndacht a sháru, agus cosnaíonn sé an caidreamh oibre freisin. An cuspóir atá leis an gcur chuige neamhfhoirmiúil ná deireadh a chur le bulaíocht leis an íosmhéid aighnis agus brú do na daoine go léir atá i gceist.

I roinnt mhaith cásanna bíonn an fostaí i mbun an iompair ionsaithigh i ngan fhios dó/di féin go bhfuil a g(h)níomhartha míchuí, nó d'fhéadfadh gur baineadh míthuiscint as a f(h)ocail nó a g(h)níomhartha. I gcásanna dá leithéid ba chóir gach iarracht a dhéanamh an mhíthuiscint a réiteach go gasta, ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Is é atá i gceist leis an nós imeachta neamhfhoirmiúil ná cur chuige neamhachrannach á ghlacadh ag an duine atá thíos leis an iompar i leith an duine atá i mbun an iompair ag cur in iúl dó/di go bhfuil tionchar ag a n-iompar orthu agus iarraidh orthu deireadh a chur leis an iompar sin. Ba chóir dul ina bhun seo go príobháideach, agus ba chóir dó a bheith neamhachrannach. Ba chóir comhairle a lorg ó aon Bhainisteoir san eagraíocht i ndáil leis an nós imeachta seo.

Nós Imeachta Foirmiúil

Tuigtear nach mbeidh sé i gcónaí indéanta úsáid a bhaint as an nós imeachta neamhfhoirmiúil. Uaireanta ní bheidh an fostaí compordach dul chun cainte leis an bpáirtí eile, nó seans go mbeadh an fostaí den tuairim go bhfuil an scéal ró-tromchúiseach aghaidh a thabhairt air ag baint úsáide as an nós imeachta neamhfhoirmiúil. Sna cásanna sin, nó más rud é gur theip ar an nós imeachta neamhfhoirmiúil réiteach a fháil ar an scéal, ba chóir iarracht a bhaint as an nós imeachta foirmiúil arna leagan amach sa pholasáí seo.

D'fhonn gearán foirmiúil a dhéanamh, d'fhéadfaí tús a chur le cúrsaí ach dul chun cainte leis an mBainisteoir i ndáil leis an gceist. Cé go ndéantar an chéad ghearán ó bhéal de ghnáth, tá sé de

cheangal ar an bhfostaí an gearán a thaisceadh i scríbhinn lena chinntiú go mbeidh iniúchadh cóir cothrom ann. Má tá cúnamh ag teastáil ón bhfostaí an gearán a chur i scríbhinn ba chóir dó/di dul i gcomhairle leis an mBainisteoir chun é seo a shocrú.

Ba chóir don ghearán an méid seo a leanas a shonrú:

- (i) Ainm dhéantóir líomhnaithe na coire;
- (ii) Cineál na bulaíochta líomhnaithe .i. an tiompar ar iompar é atá ina bhulaíocht;
- (iii) Dátaí/amanna agus áiteanna inar tharla an bhulaíocht líomhnaithe;
- (iv) Ainmneacha finnétithe ar aon tarlú líomhnaithe;
- (v) Sonraí maidir le haon ghníomh a rinneadh cheana féin d'fhonn deireadh a chur leis an mbulaíocht;
- (vi) Toiliú d'ainm agus na fíorais líomhnaithe atá á dtabhairt a chur in iúl do dhéantóir líomhnaithe na coire. Tá sé de cheangal é seo a dhéanamh ionas gur féidir leis an Eagraíocht an scéal a iniúchadh agus gníomhú in imthosca iomchuí.

Nuair a fhaightear gearán cuirfear déantóir(i) líomhnaithe na coire in iúl i scríbhinn go ndearnadh gearán ina c(h)oinne, agus cuirfear cóip den ghearán ar fáil dó/di. Cuirfidh an té atá ag iniúchadh an ghearáin in iúl an t-amscála le réiteach a fháil ar an ngearán, ach d'fhéadfaí síneadh a chur leis an amscála seo, áfach, nuair is gá. Déanfar ráitis ón ngearánach, ó dhéantóir líomhnaithe na coire agus ó aon fhinné a thaifeadh i scríbhinn. Tabharfar seans cóir cothrom dó/di freagairt don líomhain/do na líomhaintí, de ghnáth laistigh de thréimhse cúig lá oibre.

Beidh an gearán agus an freagra faoi réir iniúchadh tosaigh a chuirfidh ball neamhchlaonta den lucht Bainistíochta nó duine iomchuí eile i gcrích, ag féachaint leis an ngníomhaíocht iomchuí a chinneadh. Samplaí de ghníomhaíochtaí iomchuí ag an staid seo ná réiteach a fháil ar an scéal trí mheán eadrána nó breithniú a dhéanamh ar réiteach a fháil ar an scéal ag baint úsáide as an **Nós Imeachta Neamhfoirmiúil**, ar an gcoinníoll go n-aontaíonn an dá pháirtí leis seo. I gcás go measfaí go mbeadh ceachtar den dá chur chuige seo míchuí nó éiginntitheach, tabharfar faoi iniúchadh foirmiúil ar an ngearán ag féachaint le fíorais an cháis a chinneadh. I ngach cás ní bheidh aon tátal ciontachta ann i gcoinne dhéantóir líomhnaithe na coire, agus tabharfar deis chóir chothrom dó/di freagairt don líomhain.

Caithfidh gach fostaí atá páirteach san iniúchadh rúndacht a urramú; i gcás go dteipeann orthu déanamh amhlaidh d'fhéadfaidís caingean smachta tromchúiseach a tharraingt orthu féin. Dearbhaítear rúndacht sa mhéid go bhfuil sé indéanta go réasúnta. Féadfar an dá pháirtí a chur ar fionraí gan phá, gan aon tát diúltach, ar feitheamh thoradh an iniúchta i gcás go measfadh an lucht Bainistíochta go bhfuil sé sin iomchuí. I gcás nach bhfuil sé seo indéanta, áfach, beifear ag súil go gcoinneoidh na páirtithe sa ghearán caidreamh dearfach oibre.

Nós Imeachta don Iniúchadh

Déanfaidh ball neamhspleách den lucht Bainistíochta nó, má mheastar é a bheith iomchuí, tríú páirtí a aontófar, an t-iniúchadh a reáchtáil. Is féidir níos mó ná duine amháin a cheapadh mar iniúcháirí i gcásanna áirithe, de réir mar is iomchuí. Déanfar an t-iniúchadh go críochnúil, go hoibiachtúil agus go híogair. Cosnófar lánrúndacht sa mhéid go bhfuil sé indéanta go réasúnta. Urramófar cearta an ghearánaigh, dhéantóir(i) líomhnaithe na coire agus aon fhinné a bhí páirteach sa phróiseas.

Casfaidh an t-iniúcháir / na hniúcháirí leis an ngearánach ar dtús báire d'fhonn tuilleadh eolais a fháil maidir leis an ngearán agus d'fhonn freagraí dhéantóir líomhnaithe na coire a chur faoi bhráid an ghearánaigh. Ina dhiaidh sin, tabharfar cuireadh do dhéantóir líomhnaithe na coire freastal ar chruinniú d'fhonn a f(h)reagraí don ghearánach a chíoradh agus aon fhianaise iomchuí a chur faoina b(h)raid. Cuirfear an fhianaise ar fáil roimh an gcruinniú ionas go mbeidh an deis ag an bhFostaí a f(h)reagra ar an bhfianaise a ullmhú.

Rachfar i mbun an méid cruinnithe / agallaimh a bhfuil gá leo go dtí go bhfuil an tiniúchóir/na hiniúchóirí sásta go raibh deis chóir chothrom ag gach páirtí a gcás a chur i láthair. Féadfar agallamh a chur ar fhinnéithe chomh maith ag féachaint leis na fíorais a bhaineann leis na líomhaintí a bhunú.

Tá gach páirtí a bhfuil sé de dhualgas orthu freastal ar chruinnithe an iniúchta i dteideal ionadaí a bheith leo, agus an ról a bheadh ag an ionadaí sin ná tacaíocht mhorálta a sholáthar, maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus a chinntiú go dtugtar deis chóir chothrom don Fhostaí freagra a thabhairt agus fianaise a sholáthar ag aon cheann de chruinnithe an iniúchta.

Déanfar gach iarracht an t-iniúchadh a chur i gcrích chomh gasta agus is féidir laistigh den fhráma ama a aontáíodh. Ar chur i gcrích an iniúchta, cuirfidh an t-iniúchóir/ na hiniúchóirí tuarascáil scríofa faoi bhráid bhall den lucht Bainistíochta, ina mbeidh torthaí an iniúchta. Tabharfar an deis don dá pháirtí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na torthaí sula gcinnfidh an lucht Bainistíochta ar aon ghníomh.

Cuirfear torthaí an iniúchta in iúl i scríbhinn don ghearánach agus do dhéantóir líomhnaithe na coire, .i. ar seasadh leis an ngearán nó nár seasadh, nó cibé acu ar measadh an gearán a bheith mailíseach nó cráiteach nó nár measadh.

Torthaí an Iniúchta

I gcás go seastar le gearán cuirfear an toradh seo in iúl don dá pháirtí, agus cuirfear an leibhéal iomchuí den lucht Bainistíochta ar an eolas maidir leis. Gníomhóidh an lucht Bainistíochta go hiomchuí bunaithe ar thoradh an iniúchta. I measc na gcaingean a d'fhéadfadh an lucht Bainistíochta a chur i bhfeidhm tá caingean smachta foirmiúil ag teacht le nósanna imeachta smachta na heagraíochta², nó idirghabháil iomchuí eile a meastar í a bheith riachtanach d'fhonn atarlú iompair dá leithéid a chosc. Déanfaidh an Eagraíocht breithniú ar cibé acu an mbeadh sé oiriúnach maoirseacht bhreise a sholáthar, obair a athshannadh nó a atheagrú nó nach mbeadh. Sula gcuirfear aon chaingean smachta i bhfeidhm réachtálfar éisteacht iomlán smachta de réir nós imeachta na heagraíochta.

Tá sé tábhachtach go mbeadh fostaithe ar an eolas go measann an eagraíocht gníomhartha áirithe de bhulaíocht a bheith ina mí-iompar tromchúiseach agus go bhféadfaí iad a dhífhostú go hachomair dá bharr.

I gcás go bhfuil iniúchadh neamhchonclúideach agus go seastar leis an ngearán, ní bheidh aon tát diúltach ann i gcoinne aon pháirtí sa ghearán. Beifear ag súil go leanfaidh gach páirtí ag obair mar is gnách agus go n-iompróidh siad iad féin ar bhealach iomchuí ag an obair. I gcás go bhfaightear go raibh an gearán ina ghearán mailíseach nó cráiteach, réachtálfar éisteacht smachta leis an ngearánach chun an scéal a scrúdú tuilleadh. Ní féidir smachtbhanna a ghearradh ar an ngearánach ach sa chás seo. Is cion tromchúiseach é gearán mailíseach nó cráiteach a thaisceadh, agus ag brath ar thromchúis an scéil, féadfaidh an eagraíocht a mheas go bhfuil sé ina mhí-iompar tromchúiseach agus d'fhéadfaí duine a dhífhostú go hachomair dá bharr.

I ngach cás, cibé acu má sheastar leis an ngearán nó nach seastar, déanfar monatóireacht ar an láthair oibre lena chinntiú go n-iompraíonn na páirtithe iad féin ar bhealach iomchuí agus nach dtéann siad i mbun iompar míchuí. Rachaidh an eagraíocht i mbun pé gníomhartha is gá ionas nach mbeidh an baol ann go dtarlóidh a leithéid d'iompar arís agus coimeádfaidh an eagraíocht taifid d'idirghabhálacha chun na críche seo.

² Tá cur síos cuimsitheach ar nósanna imeachta smachta na heagraíochta ar fáil i gCaibidil 3 den Lámhleabhar seo.

Achomharc

Féadfaidh ceachtar páirtí an cinneadh a achomharc, ag cur síos i scríbhinn don lucht Bainistíochta ar an gcúis atá leis an achomharc. Éistfidh Bainisteoir / duine neamhspleách nach raibh páirteach san iniúchadh roimhe sin leis na hachomhairc sin agus lorgófar comhairle agus tacaíocht neamhspleách chomh maith más gá.

Íospairt

Ní chaithfear le haon duine a ghlacann páirt sna nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu anseo go neamhfhabhrach de bharr a róil sa phróiseas, ach amháin i gcás go bhfaightear iad ciontach i gcion faoin bpolasaí.

Bulaíocht Tríú Páirtí

Ba chóir na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu sa pholasaí seo a úsáid chun déileáil le bulaíocht a dhéanann tríú páirtí. Áirítear ar na smachtbhannaí ar féidir iad a ghearradh ar thríú páirtí: iad a eisiamh ón áitreabh, conradh a fhoirceannadh, nó bearta eile chun cosc a chur le hatarlú an iompair mhíchuí.

Freagrachtaí

Déanfaidh an lucht Bainistíochta a ndícheall a chinntiú go gcuirtear an polasaí seo i bhfios do gach fostaí agus cinnteoidh siad go ndéanfar an polasaí a chothú agus a nuashonrú de réir na n-athruithe reachtúla agus de réir aon leasuithe a dhéantar ar an gCód Cleachtais iomchuí.

Tá freagracht ar leith ar an lucht Bainistíochta bulaíocht ar an láthair oibre a chosc agus bítear ag súil go dtabharfaidh an lucht Bainistíochta dea-shampla ina leith seo, fheasacht a chothú i leith an pholasaí seo, a bheith airdeallach le haghaidh comharthaí go bhfuil bulaíocht ag titim amach, dul i ngleic le fadhbanna sula n-éiríonn siad níos measa, déileáil go híogair le fostaithe atá páirteach i ngearán a bhaineann le bulaíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí ar an láthair oibre ionas nach dtarlóidh bulaíocht nó nach n-atarlaíonn bulaíocht.

Beifear ag súil go gcloífidh fostaithe leis an bpolasaí seo agus go gcuirfidh siad in iúl a gcúiseanna inní trí mheán na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu sa pholasaí.

2.1. SAOIRE BHLIANTÚIL, LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ & PÁ SAOIRE

Baineann an polasaí seo le saoire bhliantúil agus le laethanta saoire poiblí. Cuirtear saoire bhliantúil ar fáil ionas go mbeidh ar chumas gach ball den fhoireann sos a ghlacadh ón obair d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir a gcuid oibre agus a bhfreagrachtaí teaghlaigh agus le haghaidh caithimh aimsire.

Aontaíonn gach a bhfuil sa pholasaí seo le forálacha an **Acht um Eagrú Ama Oibre 1997** maidir le saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí. Leagann an polasaí amach freisin cearta agus dualgais gach ball den fhoireann maidir le saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí.

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná a chinntiú go bhfuil gach fostaí ar an eolas faoina gcearta agus a ndualgais maidir le saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí, de réir pholasaí na heagraíochta.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo i bhfeidhm do gach ball d'fhoireann na heagraíochta.

POLASAÍ

Saoire Bhliantúil

Tá gach fostaí i dteideal saoire bhliantúil. Leagtar amach na híosteidlíochtaí do Shaoire Bhliantúil agus do laethanta saoire poiblí do gach fostaí san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

Ritheann an bhliain saoire comhthreomhar leis an mbliain féilire, ag tosnú an 1 Eanáir go 31 Nollaig.

Bronntar Saoire Bhliantúil bunaithe ar na huaireanta iarbhír oibre a dhéanann fostaí agus déantar saoire bhliantúil a ríomh de réir fhorálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997. Bíonn liúntas saoire gach ball den fhoireann san eagraíocht de réir Ghráid. Tá fostaithe na heagraíochta i dteideal Saoire Bhliantúil mar atá leagtha amach ina gconradh fostaíochta. Déantar saoire bhliantúil a ríomh d'Fhostaithe páirtaimseartha agus d'Fhostaithe a thosaíonn a gcuid fostaíochta i rith na bliana saoire a ríomh ar bhonn *pro rata*.

Saoire a thabhairt ar aghaidh

Ní mór do gach fostaí an liúntas saoire bliantúil atá acu a thógáil le linn na bliana reatha, nó caillfidh siad na laethanta ach amháin i gcás más de bharr éilimh oibre a tharla sé nár fhéad sé/sí saoire a thógáil. Féadfaidh Fostaithe cur isteach ar a saoire bhliantúil a ghlacadh ar pé bealach is fearr a oireann dá riachtanais phearsanta féin, ach tá faomhadh na saoire sin faoi rogha na bainistíochta. Moltar go nglacfaí ar a laghad tréimhse shaoire fada amháin (i. tréimhse coicíse), agus iarrtar ar fhostaithe formhór a liúntas saoire a thógáil le linn an tSamhraidh, idir Meitheamh agus Deireadh Lúnasa.

Má bhíonn níos mó ná dó nó trí lá saoire fágtha, is féidir leis an bhfostóir iarraidh ar fhostaí na laethanta sin a thógáil ach mí fógra a thabhairt dóibh roimh críoch na bliana saoire reatha, nó is féidir le fostaí iarratas a dhéanamh ar an saoire breise a thógáil taobh istigh de dhá mhí i ndiaidh don bhliain saoire críochnú.

Fógra faoi Shaoire Bhliantúil

Beidh an polasaí i dtaobh fógra do shaoire i bhfeidhm. A mhéid is indéanta go praiticiúil, ba chóir d'fhostaithe an oiread fógra is féidir a thabhairt faoin rún atá acu saoire bhliantúil a ghlacadh. Is gá gach iarratas ar shaoire bhliantúil a dhéanamh i scríbhinn chuig an Riarthóir. Is gá do gach fostaí laethanta saoire a bheith ceadaithe seachtain ar a laghad roimh ré trí iarratas ar shaoire a fháil údaraithe ag an Riarthóir. Ní mór iarratas ar shaoire do thréimhse seachtaine nó níos mó a chur faoi bhráid an Riarthóra ar a laghad mí roimh ré

Féadfar eisceachtaí a cheadú nuair a iarrtar Saoire Bhliantúil ar fhógra ghearr ar chúiseanna ar leith.

Tá ceadú laethanta saoire bunaithe ar an riachtanas a chinntiú go bhfuil foireann leordhóthanach ar fáil chun gnó na heagraíochta a chur i gcrích go laethúil. Déantar gach iarracht riachtanais réasúnta maidir le laethanta saoire gach fostaí a shásamh. Breithneofar iarratais ar shaoire de 2 sheachtain nó níos mó ag aon am amháin i gcomhthéacs na riachtanas gnó, agus féadfar é a fhaomhadh nó a dhiúltiú faoi rogha na Bainistíochta.

Forchoimeádann an eagraíocht an ceart laethanta áirithe a ainmniú ar ghá a ghlacadh mar laethanta saoire.

Laethanta Saoire Poiblí

Tá sé mar pholasaí ag an Eagraíocht seo sochar a sholáthar i ndáil le 9 gcinn de laethanta saoire poiblí, agus tá gach fostaí i dteideal lá saoire ar na laethanta saoire poiblí sin, mar atá:

- 1 Eanáir
- Lá Fhéile Phádraig – 17 Márta
- Luan Cásca
- An chéad Luan i mí Bealtaine
- An chéad Luan i mí Meitheamh
- An chéad Luan i mí Lúnasa
- An Luan deireanach i mí Dheireadh Fómhair
- Lá Nollaig – 25 Nollaig
- Lá Fhéile Stiofáin – 26 Nollaig

Nuair a thiteann saoire phoiblí ar lá oibre, beidh fostaí lánaimseartha i dteideal lá saor má oibrítear ar an lá saoire. Nuair a thiteann an lá saoire poiblí ar lá nach mbeadh dualgas ar an bhfostaí bheith ag obair de ghnáth beidh sé/sí i dteideal lá saor ina ionad. Chun go mbeadh fostaí páirtaimseartha i dteideal sochair i leith saoire phoiblí, bheadh air/uirthi 40 uair an chloig oibre nó níos mó a dhéanamh sna 5 seachtaine roimhe sin.

Nuair a thiteann an lá saoire poiblí ar ghnáthlá oibre d'fhostaí páirtaimseartha, gheobhaidh sé/sí ceann de na sochair atá imlínte thuas d'fhostaithe lánaimseartha, ríofa ar bhonn na n-uaireanta a chaitheadh an t-oibrí páirtaimseartha ag obair an lá sin.

Nuair a thiteann an lá saoire poiblí ar lá nach mbeadh an t-oibrí páirtaimseartha ag obair de ghnáth, beidh sé/sí i dteideal sochair cothrom leis an gcúigiú cuid dá ghnáthsheachtain oibre.

Má tharlaíonn fostaí a bheith tinn le linn saoire agus go gcuireann sé/sí teastas dochtúra ar fáil, ní comhraítear na laethanta sin mar chuid den saoire bliantúil.

Ní féidir saoire bliantúil a thógaint in ionad saoire thinnis. I gcás go lorgaítear saoire bliantúil tar éis saoire thinnis, ní mór teastas a chur ar fáil roimh ré ag insint go bhfuil an fostaí ábalta filleadh ar an obair.

Laethanta Breise

Anuas ar shaoire bhliantúil agus ar na laethanta poiblí thuasluaite, bronann Ógras ar a laghad 4 lá breise ar fhostaithe, ar ghá iad a ghlacadh um Nollag agus um Cháisc. Forchoimeádann an Eagraíocht an ceart chun na laethanta breise neamhreachtúla seo a tharraingt siar nó cur leo.

Pá Saoire

Cuirfear pá ar fáil le haghaidh saoire bhliantúil ag an ngnáthrata laethúil. Ní cheadaítear íocaíocht in ionad saoire bhliantúil reachtúil ach amháin i gcás fhoirceannadh na fostaíochta. Ar fhoirceannadh na fostaíochta, i gcás gur ghlac fostaí saoire bhliantúil níos mó ná an méid a fabhraíodh sa tréimhse lena mbaineann an tsaoire, féadfar suim a asbhaint ó phá deiridh an fhostaí sin.

2.2. SAOIRE THINNIS & FEIDHMIÚLACHT CHUN OIBRE

Baineann an polasaí seo le saoire thinnis. Déantar taifead oifigiúil ar aon tréimhse neamhláithreacht ón obair de bharr tinnis mar shaoire tinnis. Baineann rialacha cleachtais agus nós imeachta le tréimhsí saoire den chinéal seo. Cinntíonn géilliúlacht na bhfostaithe leis na rialacha cleachtais agus nósanna imeachta sin go gcoinnítear an eagraíocht ar an eolas agus go ndéantar íocaíochtaí chuí tuarastal a phróiseáil d'fhostaithe ar shaoire tinnis.

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná a chinntiú go bhfuil gach fostaí ar an eolas faoina gcearta agus a ndualgais maidir le bheith as láthair ón obair de bharr tinnis.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo i bhfeidhm do gach ball d'fhoireann na heagraíochta ar éirigh leo a dtréimhse phromhaidh a chur i gcrích go sásúil.

POLASAÍ

Bíonn an eagraíocht ag súil go bhfreastalódh gach fostaí ar an obair ar bhonn rialta. Tuigeann an eagraíocht, áfach, gur féidir le fostaithe a bheith as láthair, ó am go chéile, toisc tinnis. Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht déileáil le gach neamhláithreacht ar bhealach cóir cothrom comhsheasmhach, ach fós féin meas a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag a leithéid de neamhláithreacht ar chumas na heagraíochta feidhmiú go héifeachtach.

Bíonn an eagraíocht ag súil le leibhéil inghlactha tinrimh ó na fostaithe agus iad ag comhlíonadh a dtéarmaí agus a gcoinníollacha fostaíochta. Chuige seo, forchoimeádann an eagraíocht an ceart, ag aon am le linn na fostaíochta, an fostaí a atreorú chuig dochtúir / cleachtóir leighis oiriúnach a ndéanfaidh an eagraíocht, agus an eagraíocht amháin, é/í a roghnú, agus tuairisc iomlán leighis a lorg d'fhonn cinntí réasúnta a dhéanamh i ndáil le cumas an fhostaí a t(h)éarmaí agus a c(h)oinníollacha fostaíochta a chomhlíonadh. Deinfear seo ar chostas na heagraíochta. Áirítear i measc na gcoinníollacha a bhféadfadh a leithéid d'iniúchadh tarlú neamhláithreacht iomarcach nó pátrúin neamhláithreachta a thabharfadh le fios go bhfuil mí-úsáid á bhaint as an tsaoire thinnis nó i gcás go gceaptar go bhfuil tionchar diúltach ag sláinte an fhostaí ar fheidhmíocht na hoibre.

Tá an eagraíocht tiomanta do chur ina luí ar fhostaithe filleadh ar an obair tar éis tréimhsí neamhláithreachta. I gcás neamhláithreachta sheasmhach agus/nó iomarcach féadfar caingean smachta a ghearradh nó díráthú a dhéanamh ar chonradh fostaíochta an fhostaí.

Tá an eagraíocht tiomanta do chearta aon fhostaí a chosaint ar fostaí é/í atá faoi mhíchumas, agus i gcás go mbeadh an míchumas ag cur isteach ar chumas an duine sin a ról a chomhlíonadh, féadfar cóiríocht chuí a sholáthar. Déileálfar le gach míchumas ar bhealach cóir cothrom comhsheasmhach agus dá réir acmhainní na heagraíochta agus riachtanais an fhoirgnimh.

Rialacha Cleachtais agus Nósanna Imeachta

(i) Neamhláithreacht Ghearrthéarmach

Más amhlaidh go mbíonn fostaí as láthair de bharr tinnis caithfidh an fhostaí sin é sin a chur in iúl don eagraíocht roimh roimh an 10.00 r.n. ar an gcéad lá den neamhláithreacht. Is gá é seo a dhéanamh trí theagmháil díreach leis an Riarthóir thar guthán, seachas trí théacs. I gcás nach bhfuil a mbainisteoir ar fáil ní mór don fhostaí teachtaireacht a fhágáil le comhghleacaí an fhostaí. Tá de dhualgas ar an bhfostaí féin a neamhláithreacht a chur in iúl

don eagraíocht. Ní ghlacfar le teachtaireacht ó chara, nó ó bhall den teaghlach, srl., ach i gcásanna eisceachtúla.

Nuair atá an neamhláithreachta á chur in iúl don eagraíocht tá sé tábhachtach sonraí a sholáthar maidir leis an méid ama a mheastar a bheifear as láthair. Sa chás gur gá cur leis an tréimhse neamhláithreachta thar an méid ama sin tá sé de dhualgas ar an bhfostaí a chur in iúl don eagraíocht arís go mbeidh sé/sí as láthair roimh thús an ghnáthama oibre acu.

Ní mór teastas dochtúra, atá cáilithe agus cláraithe, a sholáthar tar éis an dara lá tinnis, ar a luafar (i) cúis go bhfuil an duine as láthair agus (ii) an dáta gur dócha go bhfillfidh an duine ar an obair. Ní féidir níos faide ná mí a thógáil ar aon teastas amháin.

Coinneofar taifead de shaoire tinnis an fhostaí, agus i gcás go measfar í a bheith iomarcach, nó i gcás go bhfuil pátrúin de shaoire tinnis le sonrú, cuirfidh an eagraíocht a cúiseanna inni in iúl don fhostaí agus glacfar céimeanna i dtreo a réitigh. Féadfar déileáil le nithe dá leithéid sin tríd an nós imeachta smachta de réir mar is iomchuí.

Sa chás go mbeidh tú ar iarraidh ón obair do thréimhse níos mó ná trí lá as a chéile ní mór éileamh ar sochair míchumais a chuir faoi bhráid na Roinne Choimirce Shóisialaí, agus a chur in iúl don Riarthóir go bhfuil a leithéid d'éileamh déanta. Is féidir an fhoirm chuí – MC1, nó MC2 i gcás neamhláithreachta níos mó ná seachtaine – a fháil ó do dhochtúir agus an fhoirm comhlánaithe a sheoladh chuig oifig na Roinne Choimirce Shóisialaí, le íocaíocht saoire thinnis a fháil. Nuair a fhaigheann an fostaí na seiceanna ar ais ón Roinn Choimirce Shóisialaí, ba chóir iad a shíniú ar an cúl agus iad a sheoladh ar ais go dtí Ógas.

Saoire thinnis Neamhteistithe

Tá ceadaithe do fhostaí suas le **2 lá** tinnis a thógáil gan teastas dochtúra, taobh istigh de theora **7 lá** in aon tréimhse **12 mí agus teorainn 14 lá in aon trí bliana**. Meabhraítear d'fhostaithe nach slí é seo le cur le saoire bliantúil. Íoctar pá le fhostaithe atá ar shaoire tinnis neamhteistithe ar bhonn pribhléide. I gcás mí-úsáide d'fhéadfaí pá an fhostaí a choinneáil siar don tréimhse saoire thinnis neamhteistithe.

(ii) Neamhláithreachta Níos Fadtéarmaí

Beifear ag súil go gcloífidh fostaí atá as láthair ar shaoire tinnis leis na nósanna imeachta do shaoire tinnis ó thaobh chur in iúl na heagraíochta de dá dtréimhse tosaigh neamhláithreachta lena n-áirítear an ceanglas teastas dochtúra a sholáthar i ndáil le neamhláithreachta dá leithéid de réir pholasaí na heagraíochta. I gcás neamhláithreachta níos fadtéarmaí ná mí caithfear teastais leighis a sheoladh chuig an Riarthóir ag tús gach míosa.

Bainistiú ar Thinreamh

Bítear ag súil go bhfreastalaíodh gach fostaí ar an obair gach lá mar a aontaíodh ina ráiteas de théarmaí agus coinníollacha fostaíochta. Má theipeann ar an bhfostaí cloí leis an gceanglas seo féadfar a gconradh a dhírathú, nó féadfar tabhairt faoi nós imeachta smachta. I gcás coinníollacha eisceachtúla, amhail míchumas á fháil ag an bhfostaí, féadfaidh an eagraíocht iarracht a dhéanamh freastal ar an bhfostaí ach cóiríocht chuí a sholáthar. Tar éis gach tréimhse neamhláithreachta tá sé de cheangal ar gach fostaí bualadh leis an Riarthóir chun an chúis lena neamhláithreachta a mhíniú, agus a chur in iúl cibé acu an bhfuil sé/sí ina s(h)láinte arís. Ba chóir don fhostaí aon deacracht ag an obair a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar a bhfreastal ar an obair a chur i bhfios dá mbainisteoir, ionas gur féidir céimeanna cuí a ghlacadh d'fhonn réiteach a fháil ar an gceist.

Bainfear feidhm as an gcruinniú freisin chun an fostaí a chur ar an eolas maidir le haon fhorbairtí a tharla san obair le linn a neamhláithreachta.

2.3. SOCHAR TINNIS

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt ar na socraithe atá i bhfeidhm ag Ógras ó thaobh íocaíochta i leith Saoire Thinnis agus faoi na riachtanais maidir le Saoire Thinnis a thuairisciú d'Ógras. Ba chóir an polasaí seo a léamh i gcomhar le nósanna imeachta na heagraíochta um Saoire Thinnis, sa rannóg thuas sa lámhleabhar seo.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo i bhfeidhm do gach ball d'fhoireann na heagraíochta.

POLASAÍ

Aithnítear gur féidir le fostaithe a bheith as láthair ó am go ham mar gheall ar thinnis. Tá sé d'aidhm ag an bpolasaí seo an tacaíocht atá ar fáil d'fhostaithe a bhíonn as láthair ar Saoire Thinnis a mhíniú.

Má bhíonn fostaí as láthair de bharr breoiteachta, ní mór dóibh é sin a chur in iúl don Riarthóir roimh 10.00r.n.. Mura mbíonn an Riarthóirar fáil chun glacadh le do ghlaoch, is féidir teachtaireacht a fhágáil ar fhón póca an Riarthóra le d'uimhir theileafóin féin agus cuirfidh an Riarthóir glaoch ar ais ort ar a c(h)aoithiúlacht. Níl teachtaireachtaí téacs ná ríomhphoist inghlactha.

Má tharlaíonn sé go mbíonn an bainisteoir líne as láthair lean na nósanna imeachta thuas le bainisteoir do bhainisteora.

Teastas Dochtúra

De ghnáth ní gá teastas dochtúra a chur ar fáil i gcás fostaí a bheith as láthair ar feadh 1-2 lá. Má bhíonn fostaí as láthair ar feadh níos mó ná 2 lá éilíonn Ógras ar an bhfostaí fianaise a sholáthar ó chleachtóir cláraithe leighis chun an tinneas a dheimhniú. Ba chóir don teastas seo nádúr an reachta leighis a lua chomh maith leis an dáta ar féidir a bheith ag súil le filleadh ar an obair. Ní mór an teastas seo a chur chuig an Riarthóir ar an 3ú lá as láthair nó roimh ré. Má leanann an neamhláithreacht ar aghaidh ní mór teastais dochtúra a chur isteach ar bhonn seachtainiúil as sin amach. Má theipeann ar fhostaí an riachtanas seo a chomhlíonadh féadfar breathnú air mar chion smachta.

Forchoimeádann an eagraíocht an ceart iarraidh ort dul faoi scrúdú ag cleachtóir leighis de rogha na heagraíochta agus ar chostas na heagraíochta.

Pá Tinnis

Tá scéim phá tinnis ag an eagraíocht chun cúnamh airgid a thabhairt d'fhostaithe le linn dóibh a bheith as láthair as obair de bharr tinnis. Tá an scéim i bhfeidhm do gach Fostaí. Chun an sochar seo a fháil ní mór d'Fhostaí cloí leis na riachtanais fógartha atá leagtha amach i nósanna imeachta na heagraíochta maidir le saoire thinnis thuas.

Is mar seo a leanas atá Pá Tinnis Ógras

- Uasmhéid de 60 lá oibre (pro rata) de shaoire le pá in aon tréimhse 4 bhliain féilire ar bith.

Neamhláithreacht Dheimhnithe

Íocfaidh an eagraíocht an fostaí ar feadh 3 mhí faoi réir ag fáltas pras ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh. Ina dhiaidh sin, beidh sé de dhiscréid ag an Eagraíocht leanúint ar aghaidh leis an íocaíocht seo.

Baineann na sochair atá imlínithe anseo le fostaithe lánaimseartha. Gheobhaidh fostaithe páirtaimseartha sochar *pro rata* bunaithe ar a ngnáthuaireanta oibre. Mura bhfuil an méid céanna uaireanta oibre á dhéanamh ag fostaí gach seachtain, beidh an íocaíocht bunaithe ar mheán na n-uaireanta a oibríodh sa tréimhse 13 seachtaine roimh chéad dáta na neamhláithreachta.

Má tá íocaíocht á fháil ag fostaí do shaoire thinnis níos faide ná 2 lá, ní mór dóibh sochair tinnis a iarraidh ón Roinn Coimirce Sóisialaí trí fhoirm MC 1 a chomhlánú (ar fáil ón Roinn). Éilítear ar an bhfostaí a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht sochair díreach chuig an eagraíocht.

Teidlíocht ar Shaoire Bhliantúil le linn Saoire Thinnis

Laghdóidh tinneas le linn na bliana saoire líon na n-uaireanta iarbhír oibre a dhéanann an fostaí agus d'fhéadfaí an teidlíocht de Shaoire Bhliantúil a laghdú dá réir. Má tá aon cheist agat faoi seo déan teagmháil le hÓgras..

Mí-úsáid a bhaint as Saoire Thinnis

Cuirtear íocaíocht i leith Saoire Thinnis ar fáil mar shochar lánroghnach fostaíochta. Mura gclóítear le nósanna imeachta maidir le Saoire Thinnis a thuairisciú, nó má bhíonn mí-úsáid á bhaint as Saoire Thinnis, féadfar íocaíocht a chur ar fionraí nó a tharraingt siar go hiomlán.

Féadfar an t-ábhar seo a chur chun cinn freisin trí nós imeachta smachta.

EOLAS BREISE

Tá gach eolas faoi na riachtanais a bhaineann le Saoire Thinnis a thuairisciú agus a dheimhniú sa chaibidil seo den lámhleabhar faoin gceannteidil 'Saoire an Fhostaí'.

2.4. SAOIRE MHÁITHREACHAIS

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasáí seo ná a léiriú go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004, maille le rialacháin bhainteacha arna n-eisiúint, agus cearta na bhFostaithe faoin reachtaíocht seo a chosaint.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe uile agus cuireann sé cosaint ar fáil maille le teidlíochtaí laethanta saoire do mhná atá ag iompar clainne. Cuirtear síos sa pholasáí freisin ar theidlíochtaí an athar atá le haghaidh clainne i ndáil le ham saor le pá chun freastal ar ranganna réamhbhreithe.

POLASAÍ

Saoire Mháithreachais

Tá gach ban-fhostaí i dteideal 26 seachtain bunsaoire mháithreachais a ghlacadh. Caithfear tús a chur leis an tsaoire ar a laghad 2 sheachtain roimh dheireadh sheachtain mheasta an tinnis chlainne agus caithfear ar a laghad 4 seachtaine a thógáil i ndiaidh bhreith an linbh.

Saoire Mháithreachais Bhreise

Féadfar tréimhse bhreise suas le 16 seachtaine gan tuarastal de shaoire mháithreachais a thógáil díreach i ndiaidh na tréimhse máithreachais tosaigh.

IARRATAIS AR SHAOIRE MHÁITHREACHAIS AGUS FÓGRAÍ I NDÁIL LE TORRCHAS/BEATHÚ CÍCHE

Ba chóir d'fhostaí atá torrach é sin a chur in iúl don eagraíocht a luaithé agus is féidir ionas gur féidir socruithe a dhéanamh a sláinte agus a sábháilteacht a chosaint ag an obair maille le sláinte agus sábháilteacht a linbh atá ag forbairt. De bhreis air sin, ba chóir do mháithreacha a bheidh ag beathú ar an gcíoch ar feadh suas le 6 mhí i ndiaidh na breithe é sin a chur in iúl don eagraíocht. Caithfidh an Fostaí 4 seachtaine fógra a thabhairt má táthar chun dul ar shaoire mháithreachais agus/ nó ar shaoire mháithreachais bhreise roimh thús na saoire. Caithfear teastas leighis a sholáthar ag an bpointe seo ag dearbhu an toirchis agus dháta measta an tinnis chlainne. Caithfear an fógra maidir le saoire a chur ar fáil ar an bhfoirm iomchuí agus is féidir an fhoirm sin a fháil ó bhainisteoir an fhostaí.

COINNÍ RÉAMHBHREITHE AGUS IARBHREITHE

Tá fostaí torrach i dteideal am saor a ghlacadh d'fhonn freastal ar choinní leighis réamhbhreithe, agus ar choinní leighis iarbhreithe suas le 14 seachtaine tar éis bhreith a linbh. Síneann an teidlíocht le haghaidh am saor do chúram iarbhreithe chuig 26 seachtaine i gcás go bhfuil an fostaí ag beathú ar an gcíoch. Caithfear ar a laghad 2 sheachtain fógra scríofa a thabhairt don eagraíocht, ach amháin i gcás na chéad choinne. I gcás gur féidir é, ba chóir coinní a sceidealú ag tús nó ag deireadh an lae oibre. Má chríochnaíonn an choinne i rith an lae oibre beifear ag súil go bhfillfidh an fostaí ar an obair.

AM SAOR CHUN FREASTAL AR RANGANNA RÉAMHBHREITHE

Tá ban-fhostaithe i dteideal am saor le pá a ghlacadh chun freastal ar shraith iomlán amháin de ranganna réamhbhreithe (seachas na 3 rang dheireanacha sa tsraith). Tá fear a bheidh ina athair le haghaidh clainne i dteideal freastal ar ar a laghad 2 rang réamhbhreithe i sraith. Is teidlíocht aon uaire é seo i leith toircheas amháin. I gcás nach féidir le fostaí freastal ar rang, agus nach air/uirthi féin an locht, féadfar cead a thabhairt dóibh freastal ar an rang sin i gcás toirchis ina dhiaidh sin. Caithfear fógra 2 sheachtain ar a laghad roimh an rang a sholáthar ag cur in iúl go bhfuil sé beartaithe an tsaoire seo a ghlacadh agus caithfear an doiciméadúchán iomchuí a chur ar fáil.

FILLEADH AR AN OBAIR

Éilítear ar fhostaithe ar a laghad 4 seachtaine d'fhógra dá rún filleadh ar an obair i ndiaidh na saoire a sholáthar. Ba chóir don fhógra seo a dhearbhu go bhfuil sé beartaithe ag an bhfostaí filleadh ar an obair, agus an dáta ar a dtarlóidh sé sin a shonrú. I gcás gur féidir é, fillfidh an fostaí ar an bpost a bhí aige/aici díreach roimh thús na saoire (ar an gcoinníoll gurbh é sin a ngnáthphost), ach i gcás nach bhfuil sé seo indéanta, ámh, féadfaidh sé/sí filleadh ar an obair i bhfostaíocht mhalartach oiriúnach nach lú fabhar í ná an fhostaíocht eile ó thaobh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha de.

BEATHÚ CÍCHE AR FHILLEADH AR AN OBAIR

I gcás go mbeadh fostaí ag beathú cíche ar fhilleadh ar an obair di, agus go bhfuil an leanbh faoi bhun 6 mhí d'aois, cuirfidh an eagraíocht laghdú sealadach ar a huaireanta oibre ar fáil di, gan laghdú pá, ionas gur féidir léi tabhairt faoin mbeathú cíche. Tá an fostaí i dteideal trí bhriseadh de 20 nóiméad a thógáil le linn an lae nó laghdú 1 uair ar an lá oibre, faoi rogha na heagraíochta. Caithfidh an fostaí fógra a sholáthar go bhfuil sé beartaithe aici úsáid a bhaint as an teidlíocht seo ar a laghad 4 seachtaine roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe aici filleadh ar an obair.

SAOIRE BHLIANTÚIL AGUS LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ

Fabhróidh saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí le linn na tréimhse máithreachais agus na tréimhse breise máithreachais mar is gnáth.

SOCHAR MÁITHREACHAIS

Ar mhaithe le cúnamh a thabhairt don Fhostaí agus í as láthair ar Shaoire Mháithreachais coinneofar an Fostaí ar 100% dá tuarastal lúide Sochar ar feadh 6 seachtainí. Ní dhéanann Ógras aon íocaíocht i leith Saoire Mháithreachais bhreise .i. an 16 seachtaine sa bhreis.

D'fhéadfadh fostaí a bheith i dteideal sochar máithreachais a éileamh ón Roinn Copimirce Sóisialaí, faoi réir critéir cháilíochta. Chun an sochar sin a éileamh, ní mór don fhostaí foirm éilimh (MB10) a chur isteach 6 seachtaine ar a laghad roimh thús na saoire máithreachais. Tá an fhoirm seo ar fáil ón Roinn Leasa Shóisialaigh. Comhlánóidh an eagraíocht Cuid 4 den Fhoirm chun an fhostaíocht a dheimhniú agus sonraí ÁSPC ar iarratas.

Le bheith cáilithe don sochar seo ní mór don fhostaí iarratas a dhéanamh ar shochar máithreachais ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is sochar é seo atá iníoctha le linn Saoire Mháithreachais (seachas saoire bhliantúil), faoi réir critéir cháilíochta. Tá sé riachtanach go ndéanfaidh an fostaí iarratas ar an sochar seo 6 seachtaine ar a laghad sula mbíonn sé beartaithe an tsaoire a thosú. Is coinníoll é chomh maith, nuair a fhaomhtar na híocaíochtaí seo, go ndéantar íocaíochtaí go díreach leis an eagraíochtdon chéad 6 seachtainí nuair atá Ógras ag íoc tuarastáil leo.

Más mian le fostaí athruithe a iarraidh ina socruithe oibre ar fhilleadh ó Shaoire Mháithreachais di, bheadh an eagraíocht buíoch as an oiread fógra agus is féidir a fháil go réasúnta faoi iarratas dá leithéid. Is faoi rogha na heagraíochta a dhéanfar na hiarratais sin a cheadú.

2.5. SAOIRE UCHTÁLA

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo ná a léiriú go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh na nAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005, maille le rialacháin bhainteacha arna n-eisiúint, agus cearta na bhFostaithe faoin reachtaíocht seo a chosaint.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile agus cuireann sé cosaint ar fáil maille le teidlíochtaí laethanta saoire do mháithreachas uchtála agus d'aithreachas uchtála.

POLASAÍ

Saoire Uchtála

De réir na reachtaíochta reatha, tá gach bean atá ag uchtú nó gach fear aonair atá ag uchtú i dteideal suas le 24 seachtain de shaoire uchtála a ghlacadh le tuarastal. Tosaíonn an tsaoire ar dháta iarbhír an tsocrúcháin.

Saoire Uchtála Bhreise

Féadfar tréimhse bhreise 16 seachtaine de shaoire a thógáil gan tuarastal faoi rogha an fhostaí díreach i ndiaidh na tréimhse tosaigh uchtála.

NÓS IMEACHTA MAIDIR LE HIARRATAIS AR SHAOIRE UCHTÁLA

Caithfidh an fostaí 4 seachtaine fógra ar a laghad a thabhairt má táthar chun dul ar shaoire uchtála agus/ nó ar shaoire uchtála bhreise roimh thús dháta measta an tsocrúcháin. I gcás uchtú Éireannach ba chóir teastas socrúcháin a sholáthar laistigh de 4 seachtaine ó dháta an tsocrúcháin. I gcás uchtú Eachtrach, caithfear dearbhú incháilitheachta agus oiriúnacha a sholáthar a luaithe agus is indéanta, agus teastas an tsocrúcháin a sholáthar a luaithe agus a fhaigheann an fostaí é. Caithfear an fógra maidir le saoire a chur ar fáil ar an bhfoirm iomchuí agus is féidir an fhoirm sin a fháil ó Bhainisteoir Phearsanra na heagraíochta.

AM SAOR CHUN FREASTAL AR CHRUINNIÚ ROIMH AN UCHTÚ

Tá cead ag aon fhostaí atá páirteach sa phróiseas uchtála leas a bhaint as am saor le pá chun freastal ar ranganna réamh-uchtála a réachtáiltear sa stát. Caithfear fógra 2 sheachtain maidir leis an gcéad iarratas a sholáthar. Féadfaidh an eagraíocht fianaise den cheanglas freastal ar rang nó ar chruinniú a lorg.

AM SAOR ROIMH UCHTUITHE EACHTRACHA

I gcás uchtú eachtrach, féadfaidh máthair uchtála nó fear aonair atá ag uchtú leas a bhaint as saoire bhreise roimh shocrúchán an linbh d'fhonn aithne a chur ar an leanbh roimh ré. Caithfear fógra 4 seachtaine a thabhairt má tá seo beartaithe, maille le dearbhú oiriúnachta agus incháilitheachta. Is teidlíocht sa bhreis é seo ar an teidlíocht freastal ar ranganna & cruinnithe sa stát.

FILLEADH AR AN OBAIR

Éilítear ar fhostaithe ar a laghad 4 seachtaine d'fhógra dá rún filleadh ar an obair i ndiaidh na saoire a sholáthar. Ba chóir don fhógra seo a dhearbhu go bhfuil sé beartaithe ag an bhfostaí filleadh ar an obair, agus an dáta ar a dtarlóidh sé sin a shonrú. I gcás gur féidir é, fillfidh an fostaí ar an bpost a bhí aige/aici díreach roimh thús na saoire (ar an gcoinníoll gurbh é sin a ngnáthphost), ach i gcás nach bhfuil sé seo indéanta, ámh, féadfaidh sé/sí filleadh ar an obair i bhfostaíocht mhalartach oiriúnach nach lú fabhar í ná an fhostaíocht eile ó thaobh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha de.

SAOIRE BHLIANTÚIL AGUS LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ

Fabhróidh saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí le linn na tréimhse uchtála agus na tréimhse breise uchtála mar is gnáth.

2.6. SAOIRE THUISMITHEOIRÍ

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná saoire gan phá a sholáthar do thuismitheoirí incháilithe ionas gur féidir leo cúram a dhéanamh dá leanbh. Léiríonn an polasaí go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006, maille le rialacháin bhainteacha arna n-eisiúint. Dearadh an polasaí seo sa chaoi is go gcosnófaí cearta na bhfostaithe faoin reachtaíocht seo.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Ta feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe uile atá ina dtuismitheoirí nádúrtha nó uchtála nó atá ag feidhmiú *in loco parentis* le haghaidh linbh faoin aois iomchuí.

POLASAÍ

Tá gach fostaí incháilithe atá ina dtuismitheoirí nádúrtha nó uchtála, nó atá ag feidhmiú *in loco parentis* do leanbh faoi bhun na haoise iomchuí, i dteideal 14 seachtaine saoire gan phá a thógáil i ndáil leis an leanbh sin thar thréimhse shainithe ama. Is saoire gan phá í an tsaoire thuismitheoirí. Ba chóir d'fhostaithe a thabhairt dá n-aire, ámh, i gcás go nglacann siad bloc saoire agus mar thoradh air sin nach ndéanann an eagraíocht ná an fostaí aon íocaíochtaí ÁSPC ina leith, féadfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh thar ceann an fhostaí – seo ar an gcoinníoll go rachadh an Fostaí i dteagmháil leis an Roinn Choimirce Shóisialaí agus a chur in iúl dóibh go bhfuil siad ar saoire.

Cé atá ina F(h)ostaí incháilithe?

D'fhonn cáiliú le haghaidh saoire thuismitheoirí caithfidh fostaí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- ní mór dó/di 12 mhí seirbhíse leis an eagraíocht a bheith curtha i gcrích aige/aici d'fhonn cáiliú le haghaidh 14 seachtaine de shaoire, nó
- i gcás go bhfuil an leanbh tar éis dul thar an aois iomchuí, agus go bhfuil níos mó ná 3 mhí seirbhíse curtha i gcrích ag an bhfostaí, ach níos lú na 12 mhí, beidh sé/sí i dteideal seachtain amháin saoire a ghlacadh in aghaidh gach míosa de sheirbhís.

Cén aois a gcaithfidh an leanbh a bheith ionas go measfar an leanbh sin a bheith faoi bhun na haoise iomchuí?

Féadfaidh an aois iomchuí ag an leanbh a bhfuil saoire á tógáil ina leith a bheith éagsúil ag brath ar fhachtóirí áirithe. Ceadaítear saoire thuismitheoirí i ndáil le leanbh;

- atá faoi bhun 8 mbliana d'aois, nó
- ar leanbh é/í, laistigh de dhá bhliain ón ordú uchtála a uchtaíodh idir na haoiseanna 6 agus 8 mbliana d'aois, nó
- atá faoi bhun 16 bliana d'aois i gcás linbh atá faoi mhíchumas.

NÓS IMEACHTA MAIDIR LE HIARRATAIS

Caithfear iarratais ar shaoire thuismitheoirí a dhéanamh ar a laghad 6 seachtaine roimh thús na saoire beartaithe. Eiseoidh an eagraíocht freagra i leith na saoire seo 4 seachtaine roimh thús na saoire ag cur in iúl cibé acu ar faomhadh an tsaoire nó nár faomhadh, nó an bhfuil gá an tsaoire a chur siar. Ní sháróidh cur siar na saoire 6 mhí ach amháin i gcás go gceadaítear sin de réir reachtaíochta agus go bhfuil gá leis ar chúiseanna oibríochtúla. I ngach cás beidh plé ann d'fhonn am oiriúnach nua a shocrú don tsaoire. I gcás go gceadaítear an tsaoire, cuirfear doiciméad dearbhúcháin ar fáil lena shíniú agus lena chomhdú. Caithfear an fógra maidir le saoire a chur ar fáil ar an bhfoirm iomchuí agus is féidir an fhoirm sin a fháil ó Riarthóir na heagraíochta.

PÁTRÚIN SAOIRE ATÁ CEADAITHE

Féadfar leas a bhaint as saoire mar thréimhse leanúnach 6 seachtaine nó níos mó ag aon am amháin. Tá tréimhsí saoire d'achar níos giorra faoi rogha na Bainistíochta, agus féadfaidh nach mbeidh sé indéanta iad a cheadú. Ní mór dul i dteagmháil le do bhainisteoir le haghaidh tuilleadh eolais.

TINNEAS LE LINN SAOIRE THUISMITHEOIRÍ

I gcás go n-éiríonn fostaí tinn le linn saoire thuismitheoirí, agus mar thoradh air sin nach féidir leis/léi cúram a dhéanamh dá leanbh, féadfaidh sé/sí a saoire thuismitheoirí a chur ar fionraí agus is féidir caitheamh leis an am sin mar a bheadh saoire thinnis theistithe ann – ar an gcoinníoll go gcomhlíonfadh an fostaí na gnáthnósanna imeachta tuairiscithe a bhaineann le saoire thinnis agus go gcuirfeadh sé/sí isteach teastais dochtúra ag dearbhú an tinis is cuma cé mhéid lá tinnis atá i gceist. Ba chóir don teastas sin a dhearbhu nach bhfuil an fostaí ábalta cúram a dhéanamh den leanbh a bhfuil an tsaoire acu ina leith.

MÍ-ÚSÁID SAOIRE

Caithfidh fostaí úsáid a bhaint as saoire thuismitheoirí d'fhonn cúram a dhéanamh den leanbh an bhfuil an tsaoire acu ina leith. Ní ceadmhach d'fhostaithe obair i bhfostaíocht eile agus iad ar saoire. Caithfear le míúsáid saoire mar ghníomh a bhféadfaí caingean smachta tromchúiseach a ghearradh ina leith.

SAOIRE BHLIANTÚIL AGUS LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ

Fabhróidh saoire bhliantúil agus laethanta saoire poiblí le linn thréimhse saoire thuismitheoirí an Fhostaí.

FILLEADH AR AN OBAIR

Tá an fostaí i dteideal filleadh ar an bpost céanna a bhí aige/aici agus ar na téarmaí agus coinníollacha oibre céanna tar éis na saoire do thuismitheoirí. I gcás nach bhfuil sé seo indéanta cuirfidh an eagraíocht fostaíocht mhalartach oiriúnach ar fáil nach lú fabhar í ná an fhostaíocht eile ó thaobh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha de.

2.7. SAOIRE FORCE MAJEURE

CUSPÓIR

Is éard atá i saoire Force Majeure ná saoire ionas gur féidir le fostaithe déileáil le héigeandáil ag eascairt as breoiteacht nó gortú duine atá ainmnithe sa pholasaí seo. An cuspóir atá leis an bpolasaí ná a léiriú go bhfuiltear ag comhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006 i ndáil le saoire force majeure, agus cearta an fhostaí a chosaint i ndáil leis seo.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe uile san eagraíocht seo.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht seo saoire ghearrthéarmach le pá a sholáthar d'fhostaithe i gcás, de bharr tinnis nó gortaithe a tharlódh do dhuine de na daoine thíosluaite, nach foláir d'fhostaí a bheith i láthair an duine sin. Ceadaítear saoire force majeure i ndáil le tinneas nó gortú a tharlódh do dhuine de na daoine seo a leanas:

- Leanbh nó leanbh a uchtaíodh de chuid an Fhostaí;
- Céile nó páirtneir de chuid an Fhostaí;
- Duine a bhfuil an Fostaí ag feidhmiú in loco parentis dó/di;
- Deartháir nó deirfiúr leis an bhFostaí;
- Tuismitheoir nó seantuismitheoir de chuid an Fhostaí;
- Duine a bhfuil an Fostaí i gcaidreamh spleáchais teaghlaigh leis/léi, lena náirítear, ach gan a bheith teoranta do chaidreamh le duine den ghnéas céanna.

Tá teidlíocht saoire force majeure teoranta do na coinníollacha seo a leanas:

- I gcás nach foláir don Fhostaí a bheith i láthair leis an duine;
- I gcás go bhfuil an Fostaí i láthair an duine atá breoite nó gortaithe.

Is éard is teidlíocht force majeure ann ná uasmhéid de 3 lá le pá i dtréimhse 12 mhí, nó uasmhéid de 5 lá i dtréimhse 36 mí. I gcás fostaí atá ar shaoire force majeure cuid de lá oibre, measfar an fostaí sin a bheith ar saoire ar feadh lá iomlán.

NÓS IMEACHTA

I gcás gur féidir é ba chóir d'fhostaí dul i dteagmháil leis an Riarthóir, chun an eagraíocht a chur ar an eolas a luaite is féidir. I ngach cás, éileofar ar an bhfostaí foirm fógartha saoire force majeure a líonadh ag cur síos ar fhad na saoire, agus ar na cúiseanna leis an tsaoire sin, ag sonrú an dáta a bhfillfidh sé/sí ar an obair. Féadfar an fhoirm seo a fháil ón Riarthóir. Cuirfidh an eagraíocht in iúl d'fhostaithe ar éirigh lena n-iarratas ar shaoire force majeure agus coinneoidh an eagraíocht taifid maidir le gach saoire force majeure a thóg fostaithe.

2.8. SAOIRE CHÚRAMÓRA

CUSPÓIR

Léiríonn an polasaí seo go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh an Achta um Shaoire Cúramóra, 2001 agus 2006 agus na rialacháin bhainteacha.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe uile.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht cead a thabhairt d'fhostaithe leas a bhaint as saoire gan phá d'fhonn a bhfreagrachtaí cúraim a chomhlíonadh más iomchuí arna chinneadh i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Féadfar iarratas a chur isteach ar 13 seachtaine ar a laghad agus suas le 104 seachtain ar a mhéid. Féadfar é seo a shíneadh chuig 208 seachtain i ndáil le beirt a bhfuil gá acu le cúram i gcásanna áirithe. Chun a bheith incháilithe don tsaoire seo caithfidh an fostaí bheith tar éis bliain amháin seirbhíse a bheith curtha i gcrích agus a bheith faofa ag an Roinn Coimirce Sóisialaí Teaghlaigh le cúram lánaimseartha a sholáthar don duine iomchuí. Cinnfidh an Roinn Coimirce Sóisialaí freisin cibé acu an bhfuil an duine ina dhuine iomchuí nó nach bhfuil. Féadfar saoire cúramóra a thógáil mar bhloc leanúnach amháin de shaoire, nó é a bhriseadh síos ina thréimhsí níos giorra. I gcás go mbristear síos an tsaoire, ní ceadmhach don Fhostaí tréimhse eile a thosú go dtí go bhfuil 6 seachtaine imithe ó dheireadh na tréimhse roimh ré.

AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Tá sé de cheangal ar fhostaí fógra 6 seachtaine, ar a laghad, a thabhairt má tá sé beartaithe aige/aici leas a bhaint as saoire cúramóra. Ba chóir a leagan amach san iarratas an chaoi a bhfuil sé beartaithe an tsaoire a thógáil agus dearbhú a thabhairt go ndearnadh iarratas leis na Roinn Coimirce Sóisialaí le haghaidh faofa mar dhuine iomchuí. Eiseofar freagra i ndáil leis an iarratas ar a laghad 2 sheachtain roimh thús beartaithe na saoire. I gcás go ndéantar an tsaoire a fhaomhadh soláthrófar doiciméad dearbhúcháin le go síneodh an fostaí é agus coinneoidh an eagraíocht an doiciméad seo. Caithfear fógra maidir le saoire a thabhairt ar an bhfoirm chuí agus is féidir an fhoirm sin a fháil ón Riarthóir.

FOIRCEANNADH SAOIRE CHÚRAMÓRA

Déanfar Saoire Cúramóra a fhoirceannadh ar dháta a réamhaontófar sa doiciméad dearbhúcháin, nó ar na coinníollacha seo a leanas, cibé acu is luaithe:

- Ar dháta eile a aontóidh an fostaí agus bainistíochta na heagraíochta,
- I gcás go scoirfidh an duine a bhfuil an tsaoire cúramóra ag an bhfostaí ina leith de bheith ina dhuine iomchuí, nó i gcás go scoirfidh an fostaí de bheith incháilithe ina c(h)úramóir,
- I gcás go gcinneadh oifigeach breithniúnachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí gur chóir don tsaoire teacht chun críche,
- I gcás go bhfaigheann an duine iomchuí bás le linn na tréimhse de shaoire cúramóra. I gcásanna dá leithéid ba chóir don fhostaí filleadh ar an obair ar an dáta laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an bháis, nó mar a aontaíodh sa doiciméad dearbhúcháin tosaigh, cibé acu is luaithe.

CEARTA FOSTAÍOCHTA

Measfar fostaí atá ag baint leasa as saoire cúramóra a bheith fós fostaithe, agus ní chuirfear isteach ar aon cheann dá gcearta fostaíochta, ach amháin luach saothair, saoire bhliantúil (tar éis 13 seachtaine), sochair aoisliúntais (tar éis 13 seachtaine) nó aon dualgas ranníocaíochtaí a íoc, nó i ndáil leis an bhfostaíocht. Beidh an tsaoire sin inríofa chun críche iomarcaíochta. Cosnófar cearta

ÁSPC reatha trí dhámhachtain de ranníocaíochtaí creidiúnaithe le linn thréimhse na saoire cúramóra ach socrú a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

FILLEADH AR AN OBAIR

Éilítear ar Fhostaithe ar a laghad 4 seachtaine d'fhógra dá rún filleadh ar an obair i ndiaidh na saoire a sholáthar. Ba chóir don fhógra seo a dhearbhu go bhfuil sé beartaithe ag an bhfostaí filleadh ar an obair, agus an dáta ar a dtarlóidh sé sin a shonrú. I gcás gur féidir é, fillfidh an fostaí ar an bpost a bhí aige/aici díreach roimh thús na saoire (ar an gcoinníoll gurbh é sin a ngnáthphost), ach i gcás nach bhfuil sé seo indéanta, ámh, féadfaidh sé/sí filleadh ar an obair i bhfostaíocht mhalartach oiriúnach nach lú fabhar í ná an fhostaíocht eile ó thaobh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha. .

2.9. SAOIRE DO SHEIRBHÍS GIÚIRÉ

CUSPÓIR

Léiríonn an polasaí seo go bhfuil an eagraíocht tiomanta cead a thabhairt d'fhostaithe a ndualgas saoránach a chomhlíonadh freastal mar bhall de ghiúiré nuair a dhéanann cúirt iad a ghairm de réir fhorálacha iomchuí Acht na nGiúiréithe, 1976.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe uile a gairtear le freastal ar an gcúirt i seirbhís giúiré.

POLASAÍ

Tá an Eagraíocht tiomanta do shaoire le pá a sholáthar d'aon fhostaí a néilítear air/uirthi freastal ar an gcúirt i seirbhís giúiré. Cuirtear saoire giúiré ar fáil don fhostaí don tréimhse a bhfuil sé de cheangal air/uirthi freastal ar an gcúirt le go roghnófaí iad ina ngiúróir, agus do thréimhse an cháis lena suífidh siad i gcás go roghnaítear iad le suí ar an ngiúiré.

NÓS IMEACHTA

D'fhoill leas a bhaint as an tsaoire seo, ní mór d'fhostaí an toghairm le haghaidh seirbhís giúiré a thabhairt don Riarthóir a luaithe is a fhaigheann siad an fógra. Faomhfaidh an Riarthóir an tsaoire. I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfadh an eagraíocht iarraidh go ligfí an fostaí saor ó dhualgas seirbhíse giúiré, ach ní tharlóidh seo ach má éilíonn riachtanais ghnó é agus nach bhfuil sé indéanta cead a thabhairt don fhostaí leas a bhaint as an tsaoire. I gcás go gceadaítear saoire, de ghnáth éileofar ar an bhfostaí freastal ar an gcúirt gach lá le haghaidh roghnúcháin mar ghiúróir, de ghnáth ar feadh cúpla uair ar maidin gach lá. I gcás nach roghnaítear an fostaí mar ghiúróir, beidh air/uirthi filleadh ar an obair don chuid eile den lá. Cuirfidh an Cléireach Cúirte teastais freastail ar fáil gach lá ag dearbhú an fhreastail ar an gcúirt. Má ligtear an fostaí saor ó dhualgas, beidh air/uirthi, filleadh ar an obair an lá sin, más iomchuí. Cosnaítear cearta fostaíochta, lena náirítear luach saothair, le linn na saoire seo.

2.10 LAETHANTA SAOIRE MÉALA/ATRUACHA

CUSPÓIR

Tugann an polasaí seo sonraí faoi chur chuige Ógras maidir le saoire d'Fhostaithe má tharlaíonn méala nó teagmhais eile ina mbeadh Saoire Atruach á lorg.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe uile.

POLASAÍ

Is iad seo a leanas na treoirlínte atá ag Ógras i leith Saoire Atruach. Mar gheall ar an gcúis a bhíonn leis an tsaoire seo, agus a nádúr, tuigeann an eagraíocht an gá atá le solúbthacht faoi fhad agus uainiú na saoire.

- Suas le 5 lá saoire íoctha i gcás go bhfaigheann neasghaol bás.

Tríd is tríd, bheadh gaolta amhail fear/bean chéile, athair/máthair, deartháir/deirfiúr páirtnéir/leanbh san áireamh.

- Suas le 3 lá saoire íoctha i gcás neasghaoil níos faide amach nó gaol eile nach bhfuil chomh cóngarach.

Tríd is tríd, bheadh gaolta amhail nia / neacht, aintín / uncail, athair / máthair céile, seantuismitheoir / garpháiste san áireamh.

I gcás drochbhreioiteachta nó drochghortaithe do bhall teaghlaigh, nó géarchéim phearsanta nó teaghlaigh, féadfaidh Ógras Saoire Atruach a cheadú d'fhostaí.

Déanfar gach cás a mheas ar a fhiúntas féin, ag cur cúinsí pearsanta an fhostaí agus riachtanais na hEagraíochta ag an am san áireamh.

NÓS IMEACHTA

Moltar d'fhostóirí labhairt leis an Riarthóir i dtosach maidir le teagmhais a tharlaíonn ina saol a bhféadfadh siad a bheith i dteideal saoire atruach/mhéala a fháil ar a son.

2.11. LAETHANTA SAOIRE ATHARACHTA

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo deis a thabhairt d'aithreacha agus d'aithreacha uchtála saoire ghearrthéarmach le pá a fháil ó fhostaíocht ar bhreith nó ar uchtáil a linbh.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe Fireanna uile de chuid Ógras.

POLASAÍ

Is é polasaí na heagraíochta 3 lá saoire le pá a thabhairt d'aithreacha ar bhreith/uchtáil a linbh.

Is féidir an tsaoire a ghlacadh laistigh de mhí amháin tar éis bhreith/uchtáil an linbh. Tá gá le réamhcheadú don tsaoire, a oiread is atá praiticiúil, chun leas a bhaint as an tsaoire.

NÓS IMEACHTA

Ba chóir d'aithreacha atá ag súil nó ar tí leanbh a uchtáil fógra coicíse a thabhairt, nó an oiread d'fhógra is atá praiticiúil, don Riarthóir go bhfuil sé i gceist acu leas a bhaint as Saoire Atharthachta. Ba chóir an fógra seo a dhéanamh i scríbhinn, le faisnéis faoi na dátaí a bhfuiltear ag súil leis an tsaoire. Cé go ndéanfaidh Ógras iarracht fostaithe atá ag iarraidh leas a bhaint as an tsaoire seo chun freastal ar bhreith nó ar uchtáil linbh a áisiú, ní féidir é seo a ráthú mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhaineann go minic leis an dáta a bhfuiltear ag súil

le breith nó le huchtáil linbh. Is faoi réir riachtanais ghnó amháin a dhéanfar saoire Atharthachta a cheadú agus beidh ar fhostaithe cruthú atharthachta a sholáthar, .i. teastas breithe/uchtála nó deimhniú scríofa ó chleachtóir leighis (in ionad teastas breithe), laistigh de mhí ó bhreith nó ó uchtáil an linbh.

2.12 SOS GAIRME

CUSPÓIR

Aithníonn Ógras go bhféadfadh sos ón obair a bheith riachtanach nó ag teastáil ó fhostaithe, gan iallach a bheith orthu an eagraíocht a fhágáil.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhfostaithe uile atá ar chonradh buan.

POLASAÍ

Tugann sosanna gairme deis d'fhostaithe sos suas le bliain a ghlacadh ó fhostaíocht ar chúiseanna pearsanta nó teaghlaigh. Is faoi lánrogha Ógras é saoire mar seo a cheadú, ar an gcoinníoll gur féidir soláthar sásúil a dhéanamh ar riachtanais eagrúcháin agus oibriúcháin.

De ghnáth, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar shos gairme do thréimhse nach mbíonn níos lú ná 3 mhí agus níos faide ná bliain.

NÓS IMEACHTA

Ní mór gach iarratas a dhéanamh i scríbhinn agus a chur chuig an Riarthóir 3 mhí ar a laghad roimh an sos gairme atá á lorg.

Geallann Ógras:

- Go ndéanfar an t-iarratas a bhreithniú go dáiríre agus go dtabharfar freagra air i scríbhinn;
- Go ndéanfar oiriúnacht an iarratais a mheas de réir critéir oibiachtúla;
- Go dtabharfar tacaíocht don iarratas má tá sé réasúnta praiticiúil agus inmharthana ó thaobh oibriúcháin de.

Nuair a bhíonn an tsaoire ceadaithe, iarrtar ar fhostaithe teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht 2 mhí ar a laghad roimh an dáta a bhfuil siad le filleadh ar an obair faoin rún atá acu filleadh ar an obair.

Agus iad ar Shos Gairme, féadfaidh fostaí síneadh ar an Sos Gairme a iarraidh. Is faoi rogha na heagraíochta a bheidh sé síneadh a cheadú. Ní mór iarratas ar shíneadh a dhéanamh dhá mhí roimh an dáta a shocraítear ar dtús chun filleadh ar an obair.

Rachaidh fostaíthe ar ais chuig a bhfostaíocht le Ógras ar fhilleadh dóibh. Nuair is féidir fillfidh fostaíthe ar an ról a bhí acu roimh an sos gairme.

3.1. NÓS IMEACHTA SMACHTA AGUS GEARÁIN

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí agus an nós imeachta seo ná a chinntiú go bhfeidhmíonn an Eagraíocht próiseas cóir cothrom smachta a bhfuil aird chuí aige ar chearta na bhfosaithe faoi Chód Cleachtais um Nósanna Imeachta Smachta agus Gearáin agus faoin na hAchtanna um Dífhostú Éagórach araon. Ní mór an polasaí seo a chur i bhfeidhm d'fhonn cuidiú le Fostaithe agus tacú leo caighdeáin iompair, freastal agus feidhmíocht inghlactha a bhaint amach agus a chothú, i gcás go dtugtar easnaimh faoi deara. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí agus an nós imeachta a bheith ceartaitheach seachas pionósach.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

An príomhchuspóir atá leis an nós imeachta seo ná a chinntiú go gcuirtear in iúl d'Fostaithe aon easnamh ina bhfeidhmíocht/niompar/bhfreastal agus go gcuirtear an deis ar fáil dóibh an scéal a réiteach.

Chuiqe seo, rachfar i ngleic le fadhbanna tríd an nós imeachta neamhfhoirmiúil ar dtús gan leas a bhaint as an nós imeachta foirmiúil. I gcás go dteipeann air seo réiteach a fháil ar an scéal, ámh, nó i gcás go meastar an nós imeachta neamhfhoirmiúil a bheith míchuí sna coinníollacha áirithe sin, cuirfear tús leis an nós imeachta foirmiúil.

Le linn na gcéimeanna foirmiúla den nós imeachta, tá an ceart ag Fostaithe ionadaí a bheith leo ag an gcruinniú. An ról atá ag an ionadaí seo ná tacaíocht a sholáthar, a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta cóir cothrom, agus, más iomchuí, cuidiú leis an bhFostaí a gcás a chur i láthair. Ba chóir a mheabharrú, ámh, go bhfuil caidreamh conarthach ann idir an Fostaí agus an Fostóir. Mar sin, díreofar ceistiú ar an bhFostaí, agus i gcás gur féidir é ní foláir don Fhostaí labhairt amach ar a s(h)on féin. Braitheann an staid ag a n-iontrálann an Fostaí an nós imeachta smachta tromchúis na ceiste a bhfuiltear ag lorg réitigh uirthi.

Ag gach céim fhoirmiúil den nós imeachta tá an Fostaí i dteideal a bheith in iúl ar an gcás atá á ghlacadh ina leith, agus go soláthrófaí dó/di aon fhianaise atá le húsáid ina c(h)oinne. Tabharfar an deis don Fhostaí freagairt d'aon líomhain nó d'aon fhianaise ina c(h)oinne, agus tabharfaidh an lucht Bainistíochta aird chuí ar gach freagra a gheofar. Tá cead ionadaíocht a bheith ann ag gach céim fhoirmiúil. Tá cead ag an bhFostaí, freisin, achomharc a dhéanamh ar gach toradh den iniúchadh smachta foirmiúil nó aon smachtbhanna a ghearrtar faoin nós imeachta.

MÍ-IOMPAR

Measfar a leithéid seo a leanas d'iompar a bheith ina mhí-iompar agus féadfar gníomh smachta a thionscnamh dá bharr faoin nós imeachta smachta. Níl sa liosta seo ach ábhar léiriúcháin amháin, ámh, agus ní liosta uileghabhálach é. Déanfar gach cás a mheas ar a fhiúntas féin:

- Mionsárú ar pholasaí nó ar nós imeacht ar an láthair oibre;
- A bheith déanach go minic;
- Mí-úsáid ar pholasaí na saoire breoiteachta;
- Easumhláíocht;

- Diúltú iarratas réasúnta a chomhlíonadh;
- Mionsáruihte ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta;
- Bulaíocht, ciapadh, ciapadh gnéasach, íospairt nó aon ghníomh leithcheala;
- Pornagrafaíocht, nó aon ábhar míchuí eile, a íoslódáil, a thaispeáint nó a dháileadh;
- Droch-cháil a tharraingt ar an Eagraíocht;
- Drochúsáid a bhaint as maoin na hEagraíochta.

MÍ-IOMPAR TROMCHÚISEACH

Measfar a leithéid seo a leanas d'iompar a bheith ina mhí-iompar tromchúiseach agus féadfaidh dífhostú achomair a bheith mar thoradh air ag brath ar choinníollacha an cháis. Níl sa liosta seo ach ábhar léiriúcháin amháin, ámh, agus ní liosta uileghabhálach é. Déanfar gach cás a mheas ar a fhiúntas féin:

- Cás tromchúiseach díobh seo a leanas: ciapadh, ciapadh gnéasach, bulaíocht, íospairt nó aon ghníomh leithcheala eile;
- Mí-úsáid thromchúiseach ar shaoire bhreitheachta;
- Goid nó iompar calaoiseach eile;
- Sáruihte tromchúiseacha ar rialacha sláinte agus sábháilteachta no duine eile ar an láthair oibre a chur i ndainséar;
- A bheith faoi thionchar meiscigh ag an obair nó le linn oibre;
- Substaint rialaithe a bheith agat, a dhíol nó a dháileadh ar an láthair oibre;
- Iompar foréigneach nó bagrach;
- Diúltú páirt a ghlacadh in iniúchadh nó gníomh eile ar an láthair oibre;
- Teip thromchúiseach cloí le nós imeachta a bhaineann leis an láthair oibre nó le téarmaí aontaithe eile fostaíochta.

NÓS IMEACHTA NEAMHFHOIRMIÚIL

Tríd is tríd, i gcás líomhna go bhfuil feidhmíocht, tinreamh nó iompar lag ag an bhFostaí, rachaidh an Riarthóir ngleic leis an bhfadhb go foirmiúil leis/léi. Féadfar é seo a dhéanamh trí chruinniú comhairleoireachta neamhfhoirmiúil nó trí mheán an ghnáthphróisis bainistithe feidhmíochta. An cuspóir atá leis seo ná an cheist a bhfuil cúis inni ann faoi a chur ina ceart ar bhealach oscailte cuiditheach.

Díreoidh an plé neamhfhoirmiúil orthu seo a leanas:

- Díriú ar chuidiú leis an bhFostaí tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil a f(h)eidhmíocht/(h)iompar/dtinreamh faoi bhun an leibhéil inghlactha; agus
- Réitigh fhéideartha a mholadh maille le hamscálaí chun feabhas a chur ar an scéal.

Tar éis an phlé, tógfar nótaí gairide agus coinneoidh an Bainisteoir a bhí ag stiúradh an phlé neamhfhoirmiúil na nótaí sin. Ar an gcoinníoll go mbaineann an Fostaí amach an leibhéal feabhsúcháin riachtanach agus go gcothaíonn sé/sí an leibhéal sin ní rachfar níos faide leis an scéal. I gcás nach gcuireann an Fostaí na feabhsúcháin riachtanacha i bhfeidhm laistigh den amscála a aontaíodh cuirfear tús leis an nós imeachta smachta.

NÓS IMEACHTA FOIRMIÚIL

I ngach cás ina bhfuil caighdeán feidhmíochta, tinrimh agus/nó iompair an Fhostaí tite faoi bhun na gcaighdeán a bhfuil an Eagraíocht ag súil leo, féadfar tús a chur leis an nós imeachta smachta foirmiúil. I ngach cás ina gcuirtear tús le nós imeachta smachta foirmiúil, beidh éisteacht ann mar a gcuirfear an líomhain faoi bhráid an Fhostaí agus mar a mbeidh seans aige/aici freagairt do na líomhaintí sin. Féadfar gá a bheith le hiniúchadh foirmiúil ar na fíorais a bhaineann leis an gcás roimh an éisteacht, ach i bhformhór na gcásanna is leor éisteacht lena chinntiú go bhfaigheann an

Fostaí seans cóir cothrom freagra a thabhairt. I gcás go bhfuil díospóid ann maidir le fíorais an cháis, agus go bhfuil gá le hiniúchadh foirmiúil, míneoidh an Riarthóir an nós imeachta don iniúchadh don Fhostaí.

NÓS IMEACHTA DON PHRÓISEAS ÉISTEACHTA

Sula gcinntear ar aon smachtbhanna foirmiúil agus sula ngearrtar a leithéid reáchtálfar éisteacht smachta leis an bhFostaí. An cuspóir atá leis an gcruinniú seo ná an gearán a chur faoi bhráid an Fhostaí agus na cúiseanna leis an gceist a chlos ó dhearcadh an Fhostaí. Caithfear go cóir cothrom le Fostaí i gcónaí le linn éisteacht smachta. Beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas i ndáil le héisteacht smachta:

- Cuirfear réamhfhógra ar fáil go bhfuil gá ag an bhFostaí freastal ar an éisteacht smachta agus cuirfear in iúl don Fhostaí go bhféadfadh daingean smachta a bheith mar thoradh ar an éisteacht
- Beidh cead an bhFostaí ionadaí a bheith leis/léi le linn na héisteachta
- Cuirfear an gearán in iúl don Fhostaí roimh an gcruinniú ionas go mbeidh seans aige/aici a f(h)reagraí a ullmhú
- Tabharfar an deis don Fhostaí freagairt d'aon líomhaintí/fhianaise ag an gcruinniú, agus aon fhachtóirí iomchuí eile a chur i láthair, lena náirítear aon imthosca maolaitheacha
- Féadfar cruinnithe eile a reáchtáil leis an bhFostaí de réir mar is gá
- Ní bhainfear aon tátail as an scéal go dtí go bhfuil éisteacht chóir chothrom tugtha don Fhostaí agus an deis tugtha dó/di freagairt do ghearáin agus go dtí go bhfuil breithniú déanta ar na freagraí sin sna himthosca i gceist
- Féadfar Fostaí a chur ar fionraí ar phá iomlán ag aon staid le linn an phróisis smachta, fiú amháin sula gcuirtear an líomhain faoi bhráid an Fhostaí.

Déantar é seo gan aon tát ciontachta nó eile i gcoinne an Fhostaí. Is ar feadh tréimhse réasúnta a bheidh an fionraí agus go minic braithfidh sé sin ar fhad an phróisis iniúchta smachta. Tabharfar aird chuí ar gach freagra a gheofar. D'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain ama ag an lucht Bainistíochta breithniú iomlán a dhéanamh ar na fíorais, beidh atráth ag deireadh na héisteachta smachta chun dóthain ama a thabhairt le breithniú a dhéanamh ar fhíorais an cháis, agus d'fhonn cinneadh cóir cothrom a dhéanamh i ndáil leis na chéad chéimeanna eile. Glacfar cinneadh le linn na tréimhse atrátha maidir le leibhéal an smachtbhanna, más ann dó, a ghearrfar.

Reáchtálfar cruinniú leantach leis an bhfostaí mar a ndéanfar an cinneadh a chur in iúl don Fhostaí. Féadfaidh an Fostaí ionadaí a bheith i láthair ag an gcruinniú seo. Dearbhófar an caingean foirmiúil smachta i scríbhinn.

SMACHTBHANNAÍ

I gcás go dteipeann ar an bpróiseas foirmiúil réiteach a fháil ar an scéal nó i gcás go meastar é a bheith míchuí in imthosca áirithe an cháis seo, féadfaidh an lucht bainistíochta na smachtbhannaí seo a leanas a ghearradh. Tarlóidh an caingean smachta, más gá, i ndiaidh an phróisis incrimintigh rabhaidh arna leagan amach sa pholasaí seo. In imthosca iomchuí, ámh, forchoimeádann an Eagraíocht an ceart an próiseas a thionscnamh ag aon chéim ar leith, nó gluaiseacht ar aghaidh chuig aon chéim ar leith sa phróiseas i gcás go meastar na cúiseanna inní a bheith tromchúiseach a dóthain. Ní ghlacfar an cinneadh maidir leis an leibhéal smachtbhanna le gearradh ach tar éis éisteacht fhoirmiúil smachta agus imthosca an cháis áirithe sin breithnithe.

Céim 1 - Rabhadh Foirmiúil ó Bhéal

I gcás go dteipeann ar an nós imeachta neamhfhoirmiúil réiteach a fháil ar an scéal, nó nuair a mheastar go bhfuil gá le caingean smachta níos tromchúisí in imthosca an cháis áirithe seo, socrófar éisteacht fhoirmiúil smachta agus réachtálfar í ar an gcaoi atá leagtha amach sa nós imeachta seo.

I ndiaidh an chruinnithe feadfaidh an Rirathóir iomchuí rabhadh foirmiúil ó bhéal a eisiúint d'fhonn iarracht a dhéanamh réiteach a fháil ar an gceist amach anseo. Cuirfear cóip de nótaí an chruinnithe, plean gníomhaíochta aontaithe agus cóip den rabhadh foirmiúil ó bhéal, maille le haon doiciméadúchán iomchuí eile, i gcomhad an Fhostaí.

Éagfaidh an rabhadh ó bhéal tar éis tréimhse d'fheidhmíocht, d'iompar agus de thinreamh sásúil, arna chur síos sa doiciméad rabhaidh foirmiúil ó bhéal.

Féadfar achomharc foirmiúil a dhéanamh tríd an nós imeachta achomhairc a bhfuil cur síos air sa pholasaí seo (féach thíos). I gcás go dteipeann ar an bhFostaí na ceanglais atá leagtha amach sa phlean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach féadfaidh caingean smachta eile eascairt as.

Céim 2 - An Chéad Rabhadh i Scríbhinn

I gcás go dteipeann ar an rabhadh foirmiúil ó bhéal réiteach a fháil ar an scéal, nó nuair a mheastar go bhfuil gá le caingean smachta níos tromchúisí in imthosca an cháis áirithe seo, socrófar éisteacht fhoirmiúil smachta agus réachtálfar í ar an gcaoi atá leagtha amach sa nós imeachta seo.

I ndiaidh an chruinnithe féadfaidh an Riarthóir Iomchuí an chéad rabhadh i scríbhinn a eisiúint. Aontófar ar phlean gníomhaíochta freisin d'fhonn iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach amach anseo. Cuirfear cóip de nótaí an chruinnithe, an plean gníomhaíochta aontaithe agus cóip den chéad rabhadh i scríbhinn, maille le haon doiciméadúchán iomchuí eile, i gcomhad an Fhostaí.

Éagfaidh an chéad rabhadh i scríbhinn tar éis tréimhse d'fheidhmíocht, d'iompar agus de thinreamh sásúil, arna chur síos i ndoiciméad an chéad rabhaidh i scríbhinn. Féadfar achomharc foirmiúil a dhéanamh ar an gcéad rabhadh i scríbhinn tríd an nós imeachta achomhairc a bhfuil cur síos air sa pholasaí seo (féach thíos). I gcás go dteipeann ar an bhFostaí na ceanglais atá leagtha amach sa phlean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach féadfaidh caingean smachta eile eascairt as.

Céim 3 - An Rabhadh Deireanach i Scríbhinn

I gcás go dteipeann ar an gcéad rabhadh i scríbhinn réiteach a fháil ar an scéal, nó nuair a mheastar go bhfuil gá le caingean smachta níos tromchúisí in imthosca an cháis áirithe seo, socrófar éisteacht fhoirmiúil smachta agus réachtálfar í ar an gcaoi atá leagtha amach sa nós imeachta seo.

I ndiaidh an chruinnithe féadfaidh an Riarthóir - Iomchuí an rabhadh deireanach i scríbhinn a eisiúint. Aontófar ar phlean gníomhaíochta freisin d'fhonn iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach amach anseo. Cuirfear cóip de nótaí an chruinnithe, an plean gníomhaíochta aontaithe agus cóip den rabhadh deireanach i scríbhinn, maille le haon doiciméadúchán iomchuí eile, i gcomhad an Fhostaí.

Éagfaidh an rabhadh deireanach i scríbhinn tar éis tréimhse d'fheidhmíocht, d'iompar agus de thinreamh sásúil, arna chur síos i ndoiciméad an chéad rabhaidh i scríbhinn. Féadfar achomharc foirmiúil a dhéanamh ar an rabhadh deireanach i scríbhinn tríd an nós imeachta achomhairc a bhfuil cur síos air sa pholasaí seo (féach thíos). I gcás go dteipeann ar an bhFostaí na ceanglais atá leagtha amach sa phlean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach féadfaidh caingean smachta eile eascairt as.

Céim 4 - Dífhostú

Tá dhá bhealach inar féidir le dífhostú tarlú. Tríd is tríd, beifear tar éis na cúiseanna imní a chur in iúl don Fhostaí agus beifear tar éis deis a thabhairt don Fhostaí feabhas a chur ar chúrsaí trí chéimeanna éagsúla an nós imeachta smachta. An cineál eile dífhostaithe atá ann ná dífhostú achomair, a eascraíonn, de ghnáth, as gníomh éigin atá ina mhí-iompar tromchúiseach. Measfar gníomh mí-iompair a bheith ina mhí-iompar tromchúiseach i gcás go bhfuil an gníomh chomh tromchúiseach sin nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go gcoinneodh an Eagraíocht an Fostaí sin fostaithe. Tarlaíonn dífhostú achomair gan an ceart ag an bhFostaí leas a bhaint as na céimeanna níos luaithe den nós imeachta smachta. I ngach cás beidh éisteacht chóir chothrom ann, a chloínn leis na prionsabail arna leagan amach sa nós imeachta seo, agus breithneofar go cúramach an cinneadh cibé acu an bhfuil dífhostú ina smachtbhanna iomchuí nó nach bhfuil. I ngach cás ina líomhnaítear mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh gá a bheith le hiniúchadh domhain, agus cuirfear an Fostaí ar fionraí le pá ar feitheamh thoradh an iniúchta sin. Níl fionraí ar phá ina smachtbhanna, agus ní bheidh aon tát diúltach i gcoinne an Fhostaí mar thoradh ar an bhfionraí.

I gcás go bhfuil mí-iompar tromchúiseach nó neamhinniúlacht thromchúiseach íomhnaithe ann féadfaidh iniúchadh foirmiúil a bheith iomchuí d'fhonn tús a chur le céim 4.

In imthosca dá leithéid, níl aon dualgas ar an Eagraíocht réamhfhógra a sholáthar maidir leis an dífhostú. Ní ceadmhach ach don Buanchóiste san eagraíocht, cinntí a dhéanamh duine a dhífhostú in imthosca dá leithéid, tar éis iniúchadh iomlán cóir cothrom a dhéanamh agus tar éis próiseas éisteachta.

Dearbhófar an cinneadh i scríbhinn don Fhostaí.

SMACHTBHANNAÍ MALARTACHA

De bhreis ar na smachtbhannaí arna leagan amach i gcéimeanna 1 go 4 den nós imeachta smachta, forchoimeádann Ógras an ceart smachtbhannaí eile a ghearradh arna leagan amach sa rannóg seo. Ní tharlóidh seo ach amháin má mheastar é a bheith iomchuí. Tá gníomh mar seo ina chéim roghnach den nós imeachta, agus ní ina chéim éigeantach. I gcás go measfar é iomchuí, féadfar smachtbhannaí malartacha a ghearradh lena n-áirítear aistriú, ísliú céime, fionraí gan phá, nó athbhreithniú pá a choinneáil siar ar feadh tréimhse nó sochar eile a bhaint.

NÓTA MAIDIR LE PROMADH

Le linn thréimhse phromhaidh an Fhostaí, lena n-áirítear promhadh sínte, féadfaidh nach mbeadh feidhm ag déine iomlán an phróisis smachta, agus forchoimeádann Ógras an ceart gan dul tríd gach céim den nós imeachta smachta le linn promhaidh.

ACHOMHAIRC

Féadfar achomharc a dhéanamh ar gach smachtbhanna laistigh de chúig lá oibre ón dáta a ghearrtar é ar an bhFostaí. Cuirfear san áireamh sa doiciméad rabhaidh nó sa litir dífhostúcháin na sonraí maidir le cé leis/léi ar chóir an t-achomharc a dhéanamh.

Eiseofar toradh laistigh d'amscála réasúnta, de ghnáth 10 lá oibre. Féadfar síneadh a chur leis seo más gá ionas go mbeidh próiseas lán cóir ceart ann.

Glacann gach amscála sa pholasaí seo leis go bhfuil Fostaithe ag freastal ar an obair. Má bhí am saor ag an bhFostaí ón obair, féadfar síneadh a chur le fad na gcéimeanna smachta.

3.2. NÓS IMEACHTA GEARÁIN

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí agus leis an nós imeachta seo ná a chinntiú go bhfuil nós imeachta cóir ceart gearáin ag Ógras a bhfuil aird chuí aige ar chearta na bhFostaithe arna leagan amach sa Chód Cleachtais ar Nósanna Imeachta Smachta agus Gearáin. Féadfar an polasaí a chur i bhfeidhm d'fhonn cuidiú agus tacú le Fostaithe aon chúis inní a chur in iúl ionas gur féidir leis an eagraíocht gníomhú go hiomchuí d'fhonn réiteach a fháil ar na cúiseanna inní sin.

RAON

Baineann an polasaí seo le cúiseanna gearáin aonair a bheadh ag Fostaithe. Níl an Polasaí oiriúnach le déileáil le ciapadh, le ciapadh gnéasach ná le bulaíocht, agus ba chóir dul i ngleic leo sin tríd na nósanna imeachta iomchuí arna leagan amach ag an Eagraíocht. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó do Bhainisteoir.

POLASÁÍ

Tuigtear gur féidir le cúiseanna gearáin a theacht chun cinn ó am go chéile i ngach cineál fostaíochta. Is éard is gearán ann ná léiriú foirmiúil míshástachta le caidrimh ar an láthair oibre, leis an timpeallacht oibre nó le téarma nó coinníoll fostaíochta. Tá sé ina pholasaí ag an Eagraíocht seo a thuiscint gur féidir lena leithéid tarlú, agus mar sin tá an polasaí seo ann chun cuidiú le Fostaithe réiteach a fháil ar a leithéidí de chásanna. Tuigtear gur féidir le cúiseanna gearáin dá leithéid, nach gcuirtear in iúl agus nach dtéitear i ngleic leo, géarú agus a bheith ina gcur isteach tromchúiseach ar an láthair oibre. Mar sin, iarrtar ar gach Fostaí a gcúiseanna gearáin a chur in iúl tríd an nós imeachta arna leagan amach anseo. Tá an lucht Bainistíochta freagrach as éisteacht le cúiseanna inní a chuireann na Fostaithe uile in iúl agus freagairt do na gearáin sin, tríd an nós imeachta seo.

Féadfaidh Fostaithe úsáid a bhaint as an nós imeachta aon uair is gá. Ní chaithfear le Fostaí le níos lú fabhar toisc iad a bheith tar éis gearán a dhéanamh. Le linn na gcéimeanna foirmiúla den nós imeachta, tá sé de cheart ag Fostaithe ionadaí a bheith in éineacht leo ag cruinniú. An ról atá ag ionadaí an Fhostaí ná a chinntiú go dtugtar deis chóir chothrom don Fhostaí a gcúis inní a chur in iúl agus go ndéantar breithniú cóir cothrom air ansin.

NÓS IMEACHTA

Plé Neamhfhoirmiúil

Iarrtar ar Fhostaithe dul chuig an Riarthóir ar dtús chun na saincheisteanna a phlé agus iarracht teacht ar réiteach go neamhfhoirmiúil. I gcás nach bhfuil an Fostaí compordach ag dul chuig an Riarthóir i leith na ceiste áirithe seo, ba chóir dó/di dul chuig an Chathaoirleach chun an scéal a phlé.

Ag an staid seo déanfaidh an té lena ndéantar an gearán, an gearán a bhreithniú go cúramach agus freagróidh sé/sí don Fhostaí laistigh d'amscála réasúnta a aontaíodh. Mura bhfuil an Fostaí sásta leis an bhfreagra a cuireadh ar fáil, is féidir an cheist a tharraingt anuas tríd an nós imeachta foirmiúil gearáin.

Céim 1 - Nós Imeachta Foirmiúil

I gcás go dteipeann ar an nós imeachta foirmiúil an scéal a réiteach chun shástacht an Fhostaí, nó i gcás go meastar é a bheith míchuí, iarrtar ar an bhFostaí a ngearán a tharraingt anuas go foirmiúil.

- (i) D'fhonn gearán foirmiúil a tharraingt anuas is gá an gearán a chur i scríbhinn, nó bualadh leis an Riarthóir chun an gearán a chur i scríbhinn. Féadfar an gearán i scríbhinn a chur faoi bhráid an Riarthóir, nó i gcás go meastar é bheith míchuí, faoi bhráid an Chathaoirligh.

- (ii) Socrófar éisteacht ghearáin laistigh den amscála aontaithe, agus tá an Fostaí i dteideal ionadaí a thabhairt leis/léi chuig an gcruinniú sin. Cuirfear réamhfhógra maidir leis an gcruinniú sin ar fáil i scríbhinn.
- (iii) Tabharfar cuireadh don Fhostaí tuilleadh eolais a sholáthar i scríbhinn ag an gcruinniú seo maidir leis na ngearán.
- (iv) Cuirfear an cruinniú ar atráth chun go mbeidh an deis ag an lucht Bainistíochta an cheist a scrúdú níos grinne agus aon réiteach a ainmniú más iomchuí.
- (v) Cuirfear cinneadh pras ar fáil don Fhostaí, i scríbhinn, laistigh d'amscála réasúnta a aontófar.
- (vi) Coinneofar taifead den chruinniú agus tabharfar cóip de dóibh siúd a bhí i láthair.

Céim 2 - Nós Imeachta Foirmiúil

I gcás go bhfuil Fostaí míshásta leis an bhfreagra a tugadh ag céim 1, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh. Caithfear an tachomharc a chur isteach i scríbhinn. Cuirfear sonraí ar fáil sa chinneadh scríofa ar an ngearán maidir leis an nós imeachta le húsáid i gcás achomhairc

- (i) Socrófar éisteacht achomhairc ghearáin laistigh d'amscála a aontófar, agus tá an Fostaí i dteideal ionadaí a thabhairt leis/léi chuig an éisteacht sin. Cuirfear réamhfhógra maidir leis an gcruinniú sin ar fáil i scríbhinn.
- (ii) Beidh ball sinsearach den lucht Bainistíochta agus/nó tríú páirtí iomchuí i láthair ag an gcruinniú lena chinntiú go dtugtar aird chuí ar an ngearán
- (iii) Pléifear an cheist d'fhonn torthaí sásúla a chíoradh
- (iv) Cuirfear cinneadh pras ar fáil don Fhostaí, i scríbhinn, laistigh d'amscála réasúnta a aontófar
- (v) Coinneofar taifead den chruinniú agus tabharfar cóip de dóibh siúd a bhí i láthair. Beidh an cinneadh tar éis Chéim 2 ceangailteach ar gach páirtí sa díospóid. Má tá Fostaí míshásta leis an bhfreagra a tugadh ar an ngearán, caithfidh sé/sí glacadh leis nach féidir an scéal a réiteach chun a s(h)ástachta mar go bhfuil an nós imeachta ar fad ídithe.

CUSPÓIR

Tá an **POLASAÍ** seo ann lena léiriú go bhfuil Ógras tiomanta do bhainistiú na hilchineálachta agus mar aitheantas ar dhearcadh na heagraíochta gur láidreacht í an ilchineálacht.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo ar fud na heagraíochta.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag Ógras daoine a aithint ar an bpríomhacmhainn a bhfuil gá léi d'fhonn misean na heagraíochta a chur i gcrích go sásúil. Ag tacú leis a méid seo tá sé tábhachtach a mheabhru gur féidir le difríochtaí idir daoine, bíodh na difríochtaí sin ag eascairt as cúlaí, pearsantachtaí, cultúir agus/nó cumais éagsúla a bheith ina láidreacht don eagraíocht. Tá an eagraíocht tiomanta freisin do chóiríocht chuí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, cibé acu an iarrthóir an duine sin atá ag lorg fostaíochta nó Fostaí ag lorg áiseanna speisialta. Cuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil ar an gcoinníoll nach bhfuil na bearta sin ag cur ualach díréireach ar Ógras.

NÓS IMEACHTA

D'fhonn a chinntiú go n-urramaítear éagsúlacht san eagraíocht seo tá roinnt nósanna imeachta i bhfeidhm. Tá siad sin liostáilte thíos:

- **Comhdheiseanna** – Tá an polasaí seo ann lena chinntiú go bhfuil an láthair oibre saor ó leithcheal.
- **Dínit ag an Obair** – Áiríonn na polasaithe maidir le dínit ag an obair polasaithe frithchiaptha, frithchiaptha ghnéasaigh agus fritbhulaíochta na heagraíochta. Cuireadh na polasaithe seo ar bun chun cuidiú leis an eagraíocht áit shlán a sholáthar atá saor ó chiapadh, ó chiapadh gnéasach agus ó bhulaíocht, is cuma cén inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, cine, creideamh, nó aois atá ag an bhFostaí, cibé acu an bhfuil siad faoi mhíchumas nó ina mball den lucht Siúil nó nach bhfuil.
- **Oiliúint agus Forbairt** – Féachann an polasaí seo lena chinntiú nach bhfuil aon leithcheal ann sa phróiseas roghnúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha.
- **Earcaíocht agus Roghnúchán** – Tugann an polasaí seo tiomantas i ndáil leis an iarrthóir is cáilithe don phost a earcú de réir mar a thagann poist chun cinn, agus gan leithcheal a dhéanamh sa phróiseas roghnúcháin.
- **Nós Imeachta Gearain** - Tá an nós imeachta seo ann lena chinntiú gur féidir le haon Fhostaí, a bhraitheann gur caitheadh leis/léi nó héagórach, an scéal a chur faoi bhráid na Bainistíochta d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an scéal agus réiteach a fháil air.

4.1. EARCAÍOCHT AGUS ROGHNÚCHÁN

CUSPÓIR

Tugann an polasaí seo cuntas ar thiomantas Ógras na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004 a chomhlíonadh, ach comhdheiseanna a sholáthar inár nósanna imeachta earcaíochta.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na n-iarrthóirí uile le haghaidh fostaíochta leis an eagraíocht agus i leith na bhFostaithe reatha atá ag cur isteach ar phoist inmheánacha san eagraíocht. Beifear ag súil go gcloífidh aon duine atá páirteach in earcaíocht agus roghnúchán thar ceann na heagraíochta le forálacha an pholasaí seo.

POLASAÍ

Tá Ógras tiomanta do chomhdheiseanna a sholáthar i ndáil le folúntais a thagann chun cinn. Chuige sin, déanann an eagraíocht a dícheall a chinntiú go bhfuil an próiseas earcaíochta saor ó aon chineál leithcheala neamhdhleathaigh. Déanfar cinntí roghnúcháin gan aird a thabhairt ar inscne, ar stádas pósta, ar stádas teaghlaigh, ar ghnéaschlaonadh, ar aois, ar mhíchumas, ar chine, nó ar bhallraíochta den lucht Siúil an iarrthóra, mura bhfuil ceanglais dhlisteanacha ann don phost arna cheadú sa reachtaíocht iomchuí. Chun an t-iarrthóir is fearr a fháil, beidh critéir roghnúcháin bunaithe ar na scileanna, na cáilíochtaí agus an taithí a bhfuil gá leo d'fhonn an ról a chomhlíonadh go sásúil.

NÓS IMEACHTA

Roimh dhul i mbun an phróisis earcaíochta, ainmneofar na scileanna, an taithí agus na cáilíochtaí a bheidh riachtanach ag an té a cheapfar. Déanfar iarratais a mheas bunaithe ar na riachtanais seo. Reáchtálfar agallaimh ar bhealach cóir cothrom ag cinntiú go bhfuil ceisteanna scríofa sa chaoi is go lorgófar an t-eolas iomchuí a bhaineann le feidhmíocht sa phost. Féadfar modhanna roghnúcháin eile a úsáid de réir mar is iomchuí, mar shampla teistiméireachtaí a sheiceáil. Cuirfear cóiríocht chuí ar fáil d'iarrthóir atá faoi mhíchumas, chun a chur ar a gcumas dul san iomaíocht don phost, agus chun an post a chomhlíonadh i gcás gurb é/í an t-iarrthóir is oiriúnaí don ról. Ní chuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil ach i gcás nach bhfuil sé ina ualach díréireach.

Féadfar taifid a fháil maidir leis na hiarrthóirí nár éirigh leo suas le 13 mhí i ndiaidh cheapachán an té ar éirigh leis/léi.

4.2. OILIÚINT AGUS FORBAIRT

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná a léiriú go bhfuil Ógras tiomanta do chomhdheiseanna i ndáil le hoiliúint agus béim a leagan ar thiomantas na hEagraíochta deiseanna forbartha a sholáthar do na Fostaithe de réir riachtanais phoist. Léiríonn an polasaí freisin go bhfuil an Eagraíocht ag comhlíonadh na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004.

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

Féadfar oiliúint a sholáthar ar bhealaí éagsúla, idir léachtaí mar a bheadh i seomra ranga agus oiliúint sa phost a chuireann comhghleacaí nó Bainisteoir ar fáil. I ngach cás, is modh luachmhar an oiliúint lena chinntiú go bhfuil Fostaithe in iúl ar a ról agus go bhfuil ar a gcumas an ról sin a chomhlíonadh de réir cheanglais na heagraíochta. Tarlaíonn formhór na hoiliúna agus na forbartha go neamhfhoirmiúil sa phost féin. Is fostóir comhdheiseanna an eagraíocht seo. Sa chomhthéacs seo déanfar gach cinneadh a bhaineann le hoiliúint a sholáthar ag tagairt do riachtanais phost an Fhostaí, a riachtanais forbartha ar leith agus riachtanais na heagraíochta. Ní dhéanfar aon tagairt dóibh seo a leanas: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, aois, míchumas, cine, creideamh nó ballraíocht den lucht Siúil i gcinntí a bhaineann le hoiliúint a sholáthar ach amháin más riachtanais oibiachtúla cinntitheacha iad seo don oiliúint. I gcás gur féidir é, cuirfear cóiríocht chuí ar fáil chun cuidiú le Fostaí faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh san oiliúint. Cé go ndéanfar gach iarracht oiliúint a shocrú chun éascú a dhéanamh ar fhreastal na bhFostaithe páirtaimseartha i rith a n-uaireanta oibre, beifear ag súil go gcuirfidh Fostaithe páirtaimseartha iad féin ar fáil, ó am go chéile, chun freastal ar oiliúint lasmuigh dá ngnáthuaireanta oibre. Cuirfear fógra réasúnta ar fáil maidir leis seo.

NÓS IMEACHTA

Is ar an bhFostaí féin atá an fhreagracht i leith forbairt phearsanta, agus dá bhrí sin ba chóir d'Fhostaithe féachaint lena riachtanais oiliúna féin a fháil amach. Ba chóir na riachtanais sin a phlé leis an Riarthóir más iomchuí, agus déanfaidh Bainisteoir an Fhostaí na hiarratais a bhreithniú de réir na riachtanas a d'ainmnigh an eagraíocht. Más iomchuí, féadfaidh Bainisteoir díreach an Fhostaí oiliúint a fhaomhadh.

4.3. PONCÚLACHT

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná a léiriú go n-éilíonn Ógras ar gach Fostaí a bheith poncúil don obair de réir ráiteas théarmaí agus choinníollacha a bhfostaíochta.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht an caighdeán is airde poncúlachta a éileamh ar gach Fostaí. Beifear ag súil go sroichfidh gach Fostaí an obair in am mar atá leagtha amach ina ráiteas maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

NÓS IMEACHTA

Má theipeann ar Fhostaí cloí leis an bpolasaí seo déileálfar leis an scéal trí **nós imeachta smachta** na hEagraíochta. Tríd is tríd, déileálfar le cúrsaí go neamhfhoirmiúil ar dtús, ach féadfaidh an Eagraíocht tús a chur leis an **nós imeachta smachta** ag cibé céim a mheasann an Eagraíocht a bheith iomchuí.

4.4. AM OIBRE, SOSANNA AGUS BRISTÍ OIBRE

CUSPÓIR

Léiríonn an polasaí seo go bhfuil Ógras ag comhlíonadh na bhforálacha san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, ar forálacha iad a bhaineann le ham oibre, le tréimhsí sosa agus le bristí oibre. Cosnaíonn an polasaí freisin cearta an Fhostaí arna leagan amach sa reachtaíocht seo d'fhonn a chinntiú nach sáraítear iad.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

Beidh uaireanta oibre luaite i gconrdh an fhoastaí de réir théarmaí agus choinníollacha na fostaíochta. Ó am go chéile aithnítear go bhféadfaí a éileamh ar Fhostaithe obair a dhéanamh sa bhreis ar na huaireanta sin d'fhonn riachtanais ghnó a chomhlíonadh. Tá an eagraíocht tiomanta, ámh, a chinntiú nach n-oibríonn aon Fhostaí níos mó ná an mheánseachtain uasta oibre, a cinneadh san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Tá tú i dteideal uair amháin de bhriseadh lóin a bheith agat.. Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht a chinntiú go dtugtar an deis do gach Fostaí a n-íosteidlíochtaí sosa laethúla agus seachtainiúla a thógáil de réir an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997. Ní ceadmhach sosanna a sceidealú do thús ná do dheireadh an lae oibre rud a thabharfadh lá oibre níos giorra don Fhostaí.

NÓS IMEACHTA

I gcás go mbeadh fiosrúchán ag Fostaí i ndáil lena n-uaireanta oibre, lena mbristí nó lena dtréimhsí sosa, nó i gcás nach raibh siad ábalta leas a bhaint astu sin, ba chóir é sin a chur i bhfios don Ard-Rúnaí nó an Bainisteoir líne, nó é a tharraingt anuas trí **nós imeachta gearáin** na hEagraíochta.

4.5. FOSTAÍOCHT DHÚBAILTE

CUSPÓIR An aidhm atá ag an bpolasaí seo ná a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 maidir le fostaíocht dhúbailte.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ AGUS NÓS IMEACHTA

Sa mhéad is a chuireann sé isteach ar ghnáthoibre an fhostaí ba chóir don fhostaí Ógras a chur ar an eolas faoi fhostaíocht dhúbailte.

4.6. PROMHADH

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná cur chuige Ógras a leagan amach i ndáil le bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas promhaidh.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile le linn a dtréimhse promhaidh.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag Ógras úsáid a bhaint as an tréimhse phromhaidh ag tús na fostaíochta d'fhonn measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an Fhostaí nuacheaptha, agus cuidiú lena n-imeascadh ina ról san eagraíocht. Bainfear feidhm as an tréimhse lena chinntiú go bhfuil an duine nuacheaptha ag feidhmiú ina ról nua, agus go bhfuil siad ag socrú isteach san eagraíocht. Sonraítear tréimhse an phromhaidh i ráiteas ar leith an Fhostaí i leith théarmaí agus choinníollacha na fostaíochta agus féadfar síneadh a chur leis faoi rogha na Bainistíochta.

NÓS IMEACHTA

Le linn na tréimhse promhaidh ba chóir go mbeadh plé ann idir an Riarthóir agus an Fostaí maidir le feidhmíocht, le hiompar agus tinreamh an Fhostaí agus aon cheist eile a mbeadh tionchar aici ar chumas an Fhostaí nua socrú isteach san eagraíocht. Féadfar dul i ngleic le saincheisteanna freisin go foirmiúil trí chruinnithe athbhreithniúcháin promhaidh. I gcás go gcuireann Fostaí tréimhse phromhaidh i gcrích go sásúil cuirfidh an Riarthóir é sin in iúl don Fhostaí. I gcás go bhfuil ceisteanna ann a théann i gcion ar chumas an Fhostaí promhadh a chur i gcrích go sásúil féadfar síneadh a chur leis an bpromhadh faoi rogha na Bainistíochta. I gcás go bhfuil amhras tromchúiseach ann i leith oiriúnacht an Fhostaí don eagraíocht nó dá ról, féadfar deireadh a chur leis an gcaidreamh fostaíochta ag deireadh na tréimhse promhaidh. I gcásanna áirithe féadfar gá a bheith leis deireadh a chur leis an bhfostaíocht le linn an phromhaidh, toisc cineál na gceisteanna a thagann chun cinn. Féadfar duine a dhífhostú le linn na tréimhse promhaidh gan dul trí dhéine iomlán an phróisis smachta..

4.7. OBair PHÁIRTAIMSEARTha

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná a léiriú go bhfuil Ógras ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Rochtain ar Obair Pháirtaimseartha agus an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASÁÍ

Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht seo rochtain a sholáthar ar shocruithe d'obair pháirtaimseartha más iomchuí agus má oireann siad do riachtanais an ghnó. Ní ráthaíonn an eagraíocht go gceadófar aon socrú d'obair pháirtaimseartha, ach tá sí tiomanta do dhéileáil le gach iarratas go dáiríre. Tríd is tríd, beidh socrú d'obair pháirtaimseartha faoi réir athbhreithniú bliantúil, agus féadfar an socrú a leasú nó a tharraingt siar i gcás go meastar nach bhfuil an socrú oibre ag comhlíonadh riachtanais ghnó na heagraíochta. Beidh Fostaithe páirtaimseartha i dteideal téarmaí agus coinníollacha coibhéiseacha leo siúd a ndéanfar obair lánaimseartha pro rata a thairiscint dóibh. Socrófar oiliúint le riachtanais na noibrithe páirtaimseartha san áireamh. Beidh ionchas réasúnta ag an eagraíocht, ámh, go bhfreastalóidh Fostaithe páirtaimseartha ar an obair lasmuigh dá ngnáthuaireanta oibre d'fhonn oiliúint a éascú. Tabharfar fógra maidir lena leithéid de riachtanas.

4.8. BAINISTIÚ & SPÁS OIBRE GLAN

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná cur síos ar an gceangal atá ar gach Fostaí a spás oibre a choinneáil glan agus néata a mhéid is féidir go réasúnta.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht seo spás oibre glan néata sláinteach a sholáthar do gach Fostaí. Mar sin beifear ag súil go gcoinneoidh gach Fostaí a spás oibre glan, néata agus sláinteach.

4.9. MAOIN PHEARSANTA

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná cur síos ar an gceangal atá ar gach Fostaí aire a thabhairt dá maoin phearsanta ar an láthair oibre.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasai seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

Beifear ag súil go dtabharfaidh gach Fostaí aire dá maoin phearsanta ag an obair ionas nach ndéanfar damáiste dóibh, nach ngoidfear iad nó nach gcaillfear iad. Ní ghlacann an eagraíocht le haon dliteanas i leith aon mhaoín phearsanta a chailltear, a ndéantar damáiste di, nó a ghoidtear ar an láthair oibre.

4.10. SONRAÍ AN FHOSTAÍ AGUS COMHAID AN FHOSTAÍ

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná cuidiú le comhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Sonraí sa mhéid a bhfuil feidhm acu i leith bailiú agus coimeád eolais i leith an Fhostaí.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

D'fhonn fostaíocht gach Fostaí a riar ní foláir sonraí pearsanta áirithe a bhailiú, a choimeád agus a phróiseáil. Ar na sonraí a bhféadfadh gá a bheith leo tá ainmneacha agus seoltaí an Fhostaí, a ndáta breithe, a ráta pá, a bhfoirm iarratais agus a C.V., aon taifead a bhaineann le cúrsaí smachta, srl. Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht seo go ndéanfaí an t-eolas seo a phróiseáil de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus go dtabharfadh Fostaithe a dtailiú go ndéanfaí na sonraí sin a phróiseáil, lena n-áirítear sonraí íogaire pearsanta.

NÓS IMEACHTA

D'fhonn seasamh le ceanglais na reachtaíochta, déanfar gach iarracht cloí le prionsabail na cosanta sonraí arna mbunú ag an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí. Stórálfar sonraí in áit shábháilte agus bainfear úsáid as an mbealach ar cuireadh síos air nuair a bailíodh iad. Ní thaispeánfar sonraí pearsanta d'aon duine seachas baill den lucht Bainistíochta, don Fhostaí féin, nó d'aon tríú páirtí a dhéanfaidh an t-eolas a phróiseáil thar ceann na hEagraíochta ó am go chéile. Éileofar ar aon duine a dtabharfar rochtain dóibh ar an eolas na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh agus iad ag próiseáil an eolais. Coimeádfar sonraí don méid ama is gá, agus coinneofar iad chomh cruinn agus cothrom le dáta agus is féidir. Chuige seo, iarrtar ar Fhostaithe a chur i bhfios don Riarthóir i leith aon athruithe ar a sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag an Eagraíocht. Féadfaidh Fostaí ar mhian leis/léi rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag an eagraíocht fúthu déanamh amhlaidh ach iarratas a dhéanamh leis an Riarthóir.. Cuirfear rochtain ar fáil laistigh de thréimhse ama réasúnta.

4.11. CAITHEAMH TOBAC AR AN LÁTHAIR OIBRE

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná a léiriú go bhfuil Ógras ag comhlíonadh an Achta um Shláinte Phoiblí (Tobac) (Leasú), 2004.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFosaithe uile agus gach duine atá ar an láthair oibre.

POLASAÍ

Tá an eagraíocht seo tiomanta do láthair oibre saor ó thobac a sholáthar do na Fostaithe uile agus do gach duine a fhreastalaíonn ar an láthair oibre ó am go chéile. Éilítear ar gach Fostaí cloí leis na ceanglais i reachtaíocht na hÉireann agus gan tobac a chaitheamh ar an láthair oibre ag aon am, ná i gcóngaracht aon chinn de na bealaí isteach nó amach as an áitreabh.

NÓS IMEACHTA

Ba chóir sáruithe ar an bpolasaí seo a chur in iúl do bhall den lucht Bainistíochta agus féadfar caingean smachta a ghearradh dá bharr de réir Pholasaí Smachta na hEagraíochta.

4.12. FOIRCEANNADH FOSTAÍOCHTA

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná a léiriú go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus d'fhonn cur síos ar fhreagrachtaí an Fhostaí i gcás go gcinneann sé/sí a f(h)ostaíocht a fhoirceannadh leis an eagraíocht. Leagann an polasaí amach freisin na céimeanna don Bhainistíocht i gcás go bhfágann an Fostaí an tseirbhís.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag an Eagraíocht seo go gcuirfeadh gach Fostaí atá ag foirceannadh a f(h)ostaíochta dóthain fógra ar fáil maidir lena n-imeacht ionas gur féidir leis an eagraíocht socrú a dhéanamh a bpost a chlúdach ionas go dtarlóidh an t-aistriú oibre go mín réidh. Mar sin, éilítear ar gach Fostaí fógra íosta a sholáthar de réir a dtéarmaí agus a gcoinníollacha fostaíochta i gcás go bhfuil siad ag foirceannadh a bhfostaíochta. I ngach cás ní foláir dóibh an fógra a thabhairt i scríbhinn agus é a thabhairt don Riarthóir nó don Chathaoirleach. Tá an eagraíocht tiomanta d'fhógra a sholáthar de réir théarmaí agus choinníollacha na fostaíochta nó na reachtaíochta iomchuí, ag brath ar cibé acu is mó. I gcás dífhostú achomair nó do chásanna de mhúimpar tromchúiseach, ní aon dualgas ar an Eagraíocht fógra a sholáthar maidir le foirceannadh ná pá in ionad an fhógra. Forchoimeádann an Eagraíocht an ceart pá a íoc in ionad fógra má mheastar sin a bheith iomchuí.

NÓS IMEACHTA

Roimh fhágáil na fostaíochta ní foláir don Fhostaí gan maoin a bhaineann leis an eagraíocht a thabhairt ar ais don Riarthóir, lena n-áirítear míreanna amhail eochracha/cártaí rochtana, trealamh TF, nó áiseanna eile a cuireadh ar fáil le linn na fostaíochta. Cuirfear gach sochar Fostaí ar ceal ar dháta fhoirceannadh na fostaíochta. Íocfar an Fostaí ina bpá deireanach de réir na ngnáthnósanna imeachta párolla. Féadfaidh pá deiridh iad seo a leanas a áireamh, más iomchuí: pá in ionad saoire bhliantúil nár baineadh leas as le linn na fostaíochta, nó féadfar méid a asbhaint i gcás gur tógadh saoire bhliantúil nach raibh fabhráithe roimh fhágáil na fostaíochta. Eiseofar P45 agus duillín pá an Fhostaí ar dháta fhoirceannadh na fostaíochta, nó tríd an bpost go luath i ndiaidh an fhoirceanta. I gcás go bhfuiltear chun na doiciméid seo a chur sa phost chuig an bhFostaí, tá sé tábhachtach go gcinnteodh an Fostaí go bhfágann siad sonraí chun dáta leis an Riarthóir.

5.1. TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE, AN TIDIRLÍON AGUS RÍOMHPHOST

CUSPÓIR

Leagann an doiciméad seo amach polasaí Ógras maidir le húsáid inghlactha an idirlín, an ríomhphoist agus na Teicneolaíochta Faisnéise (T.F.).

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith na bhFostaithe uile san eagraíocht, agus aon duine eile a úsáideann áiseanna gnó T.F.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag an eagraíocht go n-úsáidfidh gach ais T.F., lena n-áirítear teileafóin, an t-idirlíon, Ríomhairí Pearsanta agus an ríomhphost le haghaidh cúrsaí gnó, agus chun na críche sin amháin. Féadfar úsáid phearsanta a bhaint astu anois is arís ach cead a fháil ón Riarthóir roimh ré. Caithfear le húsáid phearsanta iomarcach mar chion ar féidir caingean tromchúiseach smachta a ghearradh ina leith. Féadfar monatóireacht a dhéanamh ar áiseanna T.F. de réir dlí, agus sa mhéid go mbaineann na háiseanna seo leis an eagraíocht, ní cóir d'Fhostaithe a bheith ag súil le príobháideacht ar na háiseanna seo. Forchoimeádann an eagraíocht an ceart i gcónaí rochtain a fháil ar ríomhphost, ar thaifead idirlín agus ar thaifead gutháin an Fhostaí agus ar thaifid eile a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta faisnéise lena chinntiú go bhfuil an Fostaí ag cloí le caighdeán agus polasaithe na heagraíochta gan a bheith i mbun gníomhaíochtaí toirmiscthe arna leagan amach sa pholasaí seo nó gníomhaíochtaí a measfaí iad a bheith míchuí.

Féachann an polasaí seo le treoirlínte a sholáthar maidir le húsáid inghlactha áiseanna T.F. Éilítear ar gach Fostaí a bheith in iúl ar na ceanglais seo agus cloí leo. I gcás go mbeadh fiosrúchán ag Fostaí ina leith seo ba chóir don Fhostaí é sin a chur in iúl don Riarthóir.

POLASAÍ I LEITH ÚSÁID T.F.

Níor chóir áiseanna T.F. a úsáid ach chun críche gnó amháin. Tá sé de cheangal ar Fhostaithe a bhfuil rochtain acu ar chórais atá srianta ag pasfhocal, gan an pasfhocal sin a thabhairt d'aon duine eile, ach amháin má fhaigheann siad cead ón Riarthóir roimh ré.

Ba chóir d'Fhostaithe socruithe a dhéanamh cead a thabhairt don Riarthóir rochtain a fháil ar an gcóras atá srianta ag pasfhocal roimh thréimhse ina mbeadh an Fostaí as láthair más gá.

Ba chóir pasfhocail a roghnú go cúramach ionas nach féidir iad a thomhas go héasca.

An tIdirlíon

Níor chóir córas ríomhphoist na heagraíochta a úsáid ach chun críche an ghnó amháin. Féadfar cead a thabhairt úsáid a bhaint as d'úsáid theoranta phearsanta, le faomhadh na Bainistíochta, ach níor chóir d'úsáideoirí a bheith ag súil le príobháideacht nuair atá acmhainn a bhaineann leis an eagraíocht á húsáid. Ní foláir d'Fhostaithe a bheith cúramach nach dtarraingíonn siad droch-cháil ar an eagraíocht ach ábhar míchuí nó ríomhphoist neamhdhleathacha a sheoladh ag baint úsáide as córais na heagraíochta.

Níor chóir ceangaltáin a oscailt murar tháinig siad ó fhoinsé iontaofa a bhfuil caidreamh gnó ag an eagraíocht léi. Ba chóir d'Fhostaithe a bheith ar an eolas go bhfuil rioscaí ag baint le heolas a íoslódáil ó fhoinsí nach féidir brath orthu.

Ba chóir tuilleadh eolais a fháil ón Riarthóir más gá.

Ba chóir d'Fhostaithe a chinntiú nach ndéanann siad aon ráitis chlúmhilleacha nó nach mbíonn siad i mbun aon iompair atá leabhlach ar ríomhphost. Níor chóir sonraí pearsanta a sheoladh maidir le haon duine gan cead a fháil ón duine sin roimh ré.

Ginearálta

Níor chóir úsáid a bhaint as Ríomhairí Pearsanta agus ríomhairí glúine chun críche pearsanta ach amháin mar a bhfuil cur síos déanta air. Ba chóir priontáil chun críche pearsanta a bheith teoranta, agus measfar priontáil iomarcach a bheith ina chion ar féidir caingean smachta a ghearradh ina leith.

Ba chóir ríomhairí glúine a stóráil i mbúit charr an Fostaí nuair atá an Fostaí ag taisteal, agus é a bhreith leis/léi seachas é a fhágáil i bhfeithicil nach bhfuil aon duine ann. Má fhágtar ríomhaire glúine le feiceáil i bhfeithicil meallfaidh seo gadaithe agus mar thoradh air sin d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don fheithicil, d'fhéadfaí an ríomhaire glúine a ghoid, maille le maoin phearsanta eile a bheadh san fheithicil.

Níor chóir sábhálaithe scáileáin a íoslódáil ón idirlíon agus níl cead ach úsáid a bhaint as sábhálaithe scáileáin a cheadaíonn an lucht Bainistíochta.

Ní foláir d'Fhostaithe rialacháin chóipchirt a urramú i ndáil le haon ábhar a uaslódálann nó a íoslódálann siad ar chóras gnó.

Níor chóir córais teileafóin na heagraíochta a úsáid chun críche pearsanta, gan cead a fháil ón Riarthóir..

I gcás go bhfaigheann Fostaí glaoch pearsanta ba chóir don ghlaoch a bheith gairid.

Fiosrúcháin

Ba chóir aon fhiosrúchán i ndáil leis an bpolasaí seo a chur faoi bhráid an Riarthóir

6.1. FREAGRACHTAÍ GINEARÁLTA AN FHOSTÓRA

CUSPÓIR

An cuspóir atá leis an bpolasaí seo ná cur síos ar na príomhfhorálacha san Acht um Shabháilte, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 le béim ar leith ar fhreagrachtaí Ógras agus na bhfostaithe. Tá sé ina choinníoll fostaíochta do gach fostaí go bhfeidhmeodh an fostaí i gcónaí ar mhaithe le láthair oibre shabháilte. Féadfar déileáil le haon ghníomh a bheadh contrártha don choinníoll fostaíochta sin nó le ceanglais na reachtaíochta sláinte agus sabháilteachta mar chion a mbeadh caingean smachta tromchúiseach inghearrtha ina leith.

RAON

Tá an polasaí seo i bhfeidhm d'fhostaithe uile na heagraíochta agus iad ar an láthair oibre, agus aon áit eile a bhfreastalaíonn siad uirthi le linn na fostaíochta.

POLASAÍ

Tá sé ina pholasaí ag Ógras feidhmiú ar bhealach slán a chosnaíonn sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe uile de réir na reachtaíochta cuí. Dearbhaíonn an polasaí seo freisin freagrachtaí ginearálta na heagraíochta agus na bhfostaithe ina leith seo.

Freagrachtaí an Fhostóra

Leagtar amach achoimre thíos ar fhreagrachtaí an fhostóra faoin Acht um Shabháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, mar atá:

Cinntoidh gach fostóir, a mhéid is féidir go hindéanta, sabháilteacht, sláinte agus leas ag an obair gach duine dá f(h)ostaithe.

Déanfaidh an fostóir a d(h)ícheall go háirithe:

- Bainistiú agus stiúradh a dhéanamhar ghníomhaíochtaí oibre ar bhealach a chinnteoidh sabháilteacht, sláinte agus leas ag an obair d'fhostaithe uile na heagraíochta;
- Bainistiú agus stiúradh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oibre ar bhealach a choiscfidh aon iompar míchuí nó iompar a bhféadfadh riosca sláinte agus sábháilteachta d'fhostaithe eascairt as;
- I ndáil leis an láthair oibre, cinnteoidh an fostóir;
 - Dearadh, soláthar agus cothabháil an láthair oibre ionas go mbeadh sí i riocht atá sabháilte agus nach bhfuil baolach don tsláinte,
 - Dearadh, soláthar agus cothabháil ar na bealaí rochtana ar an láthair oibre agus amach as an láthair oibre,
 - Dearadh, soláthar agus cothabháil an trealaimh nó aon mhíre eile atá nó a d'fhéadfadh bheith ina riosca sláinte agus sábháilteachta,
- Sábháilteacht agus cosc riosca sláinte ag an obair a f(h)ostaithe a chinntiú i ndáil le húsáid aon mhíre nó substainte, iad a bheith faoi lé torainn, tonnchreatha, radaíochta ianaíche nó eile nó aon oibreán fisiceach eile;
- Córais a sholáthar atá pleanáilte, eagraithe, curtha i bhfeidhm, cothaithe agus nua-shonraithe de réir mar is cuí ionas go mbeidh siad sabháilte agus nach mbeidh baol ag baint leo don tsláinte;
- Áiseanna agus socruithe a sholáthar agus a chothabháil le haghaidh leasa na bhfostaithe ag an obair;

- Eolas, treoir, oiliúint agus maoirseacht a sholáthar mar is gá d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair na bhfiosaithe a chinntiú;
- Beartú ar na bearta sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhfull gá leo d'fhonn sláinte, sábháilteacht agus leas na bhfiosaithe a chosaint nuair atá guaiseacha á meas nó nuair atá measúnú riosca á ullmhú agus a chinntiú go gcuireann na bearta san áireamh cúlnsí atá ag athrú agus prionsabail ghinearálta an choisc;
- Le haird ar phrionsabail ghinearálta an choisc, i gcás nach féidir rioscaí aitheanta a dhibirt ná a rialú go himleor, nó i gcásanna a fhorordófaí, éadaí cosantacha cuí a sholáthar d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair na bhfiosaithe a chinntiú, a mhéid is féidir go hindéanta;
- Pleananna agus nósanna imeachta imleora a ullmhú agus a leasú, de réir mar is iomchuí, a mbeadh gá iad a leanúint agus na bearta le glacadh i gcás éigeandála, contúirt thromchúiseach nó gar-chontúirte;
- Timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú, ar timpistí agus tarluithe iad arna bhforordú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta; agus
- Seirbhísí duine inniúil a fháil le sláinte, sábháilteacht agus leas ag an obair na bhfostaithe a chinntiú, a mhéid is féidir go hindéanta

Freagrachtaí an Fhostaí

Tá sé de fhreagracht ar an bhfostaí comhoibriú leis an lucht bainistíochta i gcur i bhfeidhm tionscnaimh sláinte agus sábháilteachta na hEagraíochta. Ba chóir d'fhostaithe a bheith ar an eolas go bhfuil freagracht orthu i leith shábháilteacht a gcuairteoirí nuair atá na cuairteoirí sin ar an láthair.

Tá sainfhreagracht ar fhostaithe as a sábháilteacht fein freisin. Mar sin, beifear ag súil go ndéanfaidh fostaithe a gcuid oibre ar bhealach sábháilte, chun gortú a sheachaint dóibh féin agus dá gcustaiméirí, agus chun damáiste do threalamh agus do mhaoin na heagraíochta a sheachaint.

Éilítear ar fhostaithe gach timpiste, gach tarlú tromchúiseach, gach coinníoll baolach agus gach gníomh baolach a thuairisciú don Riarthóir.

Féadfar dualgais an fhostaí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a achoimriú mar seo a leanas:

Ní foláir d'fhostaithe:

- Cloí leis na forálacha iomchuí reachtúla agus cúram réasúnta a ghlacadh chun a s(h)ábháilteacht, s(h)láinte agus leas fein a chosaint nó sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine a bhféadfadh a g(h)níomhartha nó a neamhghníomhartha ag an obair dul i bhfeidhm orthu;
- A chinntiú nach bhfuil sé/sí faoi lé chomh mór ag meisceach go mbeadh sé sin baolach dá s(h)ábháilteacht. s(h)láinte nó leas fein nó sábháilteacht, sláinte agus leas duine eile;
- Comhoibriú leis an eagraíocht d'fhonn cuidiú leis an eagraíocht na forálacha iomchuí reachtúla a chomhlíonadh mar is iomchuí;
- Gan dul i mbun iompar míchuí a chuirfidh a s(h)ábháilteacht, s(h)láinte nó leas fein nó sábháilteacht, sláinte nó leas duine eile i mbaol;
- Freastal ar oiliúint agus measúnú a mbeadh gá leo i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, nó a bhaineann le hobair an fhostaí;
- Úsáid a bhaint as aon mhir nó substaint a chuirtear ar fáil ag an obair d'fhonn a s(h)ábháilteacht, s(h)láinte agus leas a chosaint ag an obair lena n-áirítear éadaí agus trealamh cosantach;

- Tuairisciú don bhainistíocht i ndáil leo seo:
 - Aon obair atá idir lámha, nó ar dócha a bheidh idir lámha, ar bhealach a chuirfeadh sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair aon duine i mbaol,
Nó
 - Aon mháchail ar an láthair oibre, na córaos ag an obair, aon mhir no substaint a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas an Fhostaí nó aon duine a chur i mbaol,
Nó
 - Aon sárú ar na forálacha iomchuí reachtúla a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair an Fhostaí nó aon duine eile a chur i mbaol.
- Gan faisnéis mí-chruinn a sholáthar don eagraíocht ar an leibhéal oiliúna faighte i ndáil lena bpost.

NÓS IMEACHTA CHUN CÚISEANNA IMNÍ A CHUR IN IÚL

Ba chóir d'aon fhostaí a bhfuil cúiseanna imní aige/aicí i leith an pholasaí seo iad sin a chur in iúl go foirmiúil don Ard-Rúnaí nó don Bhainisteoir líne.

I gcas nach bhfaigheann siad freagra sásúil ar a gcúiseanna imní, féadfaidh siad a gcúiseanna imní a tharraingt anuas tríd an nós imeachta gearáin.

A. RÚNDACHT

CUSPÓIR

Is é cuspóir an bpolasaí seo forléargas a thabhairt ar sheasamh Ógras maidir le rúndacht.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí i leith na bhFostaithe uile.

POLASAÍ

Ní mór d’Fhostaithe gach faisnéis a bhaineann leis an Eagraíocht agus lena lucht Úsáide Seirbhísí a choinneáil faoi rún daingean. Níor chóir d’Fhostaithe, le linn a gcuid fostaíochta nó ina dhiaidh, aon fhaisnéis a bhaineann leis an Eagraíocht nó lena Lucht Úsáide Seirbhísí, atá ar eolas acu mar gheall ar a gcuid fostaíochta, a nochtadh. Fanann gach cáipéis, lena n-áirítear comhaid, páipéir, litreacha agus comhfhreagras i seilbh na hEagraíochta.

Ní cheadaítear d’Fhostaithe cóipeanna a dhéanamh de cháipéis ar bith ach amháin agus iad i mbun a gcuid dualgas. Ní mór aon cháipéis a bhíonn i seilbh Fostaí ar scor dóibh a thabhairt ar ais don Eagraíocht. Ní mór duit do chuid ama, do chuid aire agus do chuid cumais uile le linn do chuid uaireanta oibre a chaitheamh ar do chuid dualgas i leith Ógras.

Caithfear le haon sárú ar an bpolasaí seo mar mhí-iompar tromchúiseach agus d’fhéadfaí gníomhú smachta a bheith de thoradh air, suas go dtí dífhostú, agus dífhostú san áireamh. Ní mór duit aon leas seachtrach atá agat, a d’fhéadfadh a bheith ina choinbhleacht leasa nó a d’fhéadfaí a mheas a bheith ina choinbhleacht leasa a chur in iúl do Ógras.

B. TAISTEAL & COTHABHÁIL AR CHÚRSAÍ GNÓ

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt faoi sheasamh Ógras maidir le fostaithe a íoc ar son taisteal gnó agus liúntas cothaithe.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith Fhostaithe uile Ógras.

POLASAÍ

Ní mór aon taisteal a bheith faofa ag an Riarthóir roimh ré. Ní mór d'Fhostaithe plean taistil a chomhlánú agus é a bheith sínithe ag an Riarthóir.

Ba chóir cloí leis na treoirlínte seo a leanas -

- (i) Taisteal ar iompar poiblí nó i dtacsáí:

A oiread is féidir ba chóir d'Fhostaithe iompar poiblí a úsáid do thaisteal gnó.

Ní mór d'Fhostaithe admhálacha a chur ar fáil ar son a gcostas chun íocaíocht a fháil ar a son.

- (ii) Taisteal ina bhfeithiclí:

Déanfar fostaithe a chúiteamh ar son turais ghnó nuair a úsáideann siad a gcarr féin ar ghnó na heagraíochta. Nuair a dhéanann fostaithe turas gnó díreach óna mbaile féin go háit shealadach oibre (seachas tús a chur leis an turas óna ngnátháit oibre), nó nuair a fhillteann siad díreach abhaile ón áit shealadach oibre, déanfar an míleáiste a ríomh mar an luach is ísle díobh seo a leanas:

- An fad idir an baile agus an áit shealadach oibre, nó
- An fad idir an ngnátháit oibre agus an áit shealadach oibre.

Is iad seo a leanas na rátaí a úsáidfear do mhíleáiste carr:

- 50c cent an míle

I gcúinsí áirithe féadfar eisceachtaí a dhéanamh sna polasaithe thuas. Ní mór dóibh seo a bheith faofa roimh ré ag an mbainistíocht. Is faoi rogha na bainistíochta cúiteamh a dhéanamh ar chostais taistil seachas na costais sna polasaithe thuas.

Liúntas cothaithe:

Tá an liúntas cothaithe ann chun costais béilí agus lóistín oíche a chúiteamh.

Íoctar an liúntas cothaithe mar seo a leanas:

Cúiteofar costais réasúnta béilí le Fostaithe (bricfeasta, lón agus dinnéar) a thabhaítear le linn taistil ar chuspóirí gnó. Ba chóir admhálacha a thabhairt isteach de réir na ngnáthnósanna imeachta d'íocaíocht costas.

Forchoimeádann an bhainistíocht an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar liúntas cothaithe atá iníoctha i gcúinsí aonair, le tagairt go háirithe do láthair agus don fhad ama a chaitear ar shiúl ón ngnátháit chónaithe/oibre.

NÓS IMEACHTA

Aontóidh an Riarthóir téarmaí taistil gnó agus liúntais chothaithe roimh gach turas gnó. Tá aon éileamh ar son chostas a tabhaíodh, nuair atá siad údaraithe, le cur isteach de réir na ngánthnósanna imeachta do chostais.

Ráta thar Oíche - (lóistín agus béile san áireamh. Iníoctha nuair a chuirtear admhálacha ar fáil)

Suas go huasmhéid **€75**

Liúntas Lae – níos mó ná 10 n-uaire (mura gcuirtear lón/dinnéar ar fáil) **€20** (nuair a chuirtear admháil ar fáil)

Liúntas Lae – níos mó ná 5 uair ach níos lú ná 10 n-uaire a (mura gcuirtear lón/dinnéar ar fáil) **€10** (nuair a chuirtear admháil ar fáil)

C. FÓIN PHÓCA

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt ar théarmaí pholasaí teileafóin phóca Ógras

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith Fhostaithe a gcuireann Ógras fón póca ar fáil dóibh le haghaidh obair na heagraíochta. Agus i Leith fostaithe a bhainann úsáid as a fón póca pearsanta le haghaidh úsáid na heagraíochta.

POLASAÍ

Má bhíonn do theileafón póca pearsanta á úsáid agat le haghaidh úsáid na heagraíochta, cuir bille miondealaithe chuig an Riarthóir leis na glaonna a bhaineann leis an obair aibhsithe ionas gur féidir tú a chúiteamh ar a son. Beidh liúntas rialta curtha ar fáil d'fhostaithe áirithe ag braith ar a gcuid dualgais.

Sa chás go gcuireann Ógras fón ar fáil d'fhostaí ní chóir mí-úsáid a bhaint as le haghaidh glaochanna pearsanta.

D. AM SAOR I gCÚITEAMH

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt ar sheasamh Ógras maidir le ham saor a cheadú in ionad uaireanta breise a oibríodh.

RAON

Tá feidhm leis an bpolasaí seo i leith Fhostaithe uile Ógras.

POLASAÍ

Féadfar am saor in lieu a shainmhíniú mar shuim ama a aontaíonn fostaí agus an Riarthóir ar féidir é a ghlacadh mar chúiteamh ar aon am breise ar treoraíodh d'fhostaí a oibriú lasmuigh de na huaireanta conradh atá acu.

Ní mór am saor in lieu a ghlacadh ag am atá aontaithe i gcomhar ag an bhfostaí atá i gceist agus an Eagraíocht. Ní íocfaidh an eagraíocht am carntha in lieu nuair a éiríonn fostaí as a bheith ag obair leis an eagraíocht.

Ba chóir am saor in lieu a ghlacadh sa mhí chéanna inar carnadh é, gan é a thabhairt ar aghaidh ó mhí go mí..

Measfar am saor in lieu a carnadh agus nár glacadh a bheith caillte.

NÓS IMEACHTA

Ba chóir fógra réasúnta a thabhairt don Riarthóir nuair atá am saor in lieu le glacadh, agus tá dualgas ort féin a chinntiú go noireann an t-am saor atá molta do do thiomantais oibre srl.

E. AISÍOC AR SPEANSAIS TAISTIL CHOMAITÉARA

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt ar pholasaí Ógras maidir le Speansais Chomaitéireachta.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith Fhostaithe uile Ógras.

POLASAÍ

Is féidir le Fostaithe leas a bhaint as Ticéid Chomaitéireachta Sábháil Chánach ó Iarnród Éireann / Bus Éireann/Bhus Átha Cliath. Cuireann na ticéid seo ar chumas an Fhostóra sochair taistil saor ó cháin idir 31%-52% a fháil agus déanann an chuideachta coigilteas ÁSPC de suas le 10.75%. Íocfaidh Ógras as an ticéad comaitéireachta míosúil nó bliantúil roimh ré agus déanfar asbhaintí ansin as pá míosúil an Fhostaí.

Chun leas a bhaint as an sochar seo ní mór d’Fhostaithe iarratas a dhéanamh ar ríomhphost chuig an Riarthóir. Is faoi rogha na Bainistíochta atá sé an t-iarratas a cheadú.

F. TÁSTÁIL SÚL VDU

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt ar pholasaí Ógras i leith Tástáil Súl VDU.

RAON

Tá feidhm leis an bpolasaí i leith Fhostaithe uile Ógras.

POLASAÍ

Aithníonn Ógras gur féidir le húsáid rialta ríomhaire strus a chur ar do shúile. Ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh air seo agus é a chosc, féadfaidh Fostaithe leas a bhaint as scrúdú súl amháin sa bhliain agus cúiteoidh an eagraíocht an costas.

Má tá aon cheist agat faoin bpolasaí déan teagmháil leis an Riarthóir.

G. SCÉIM PHINSEAN

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt ar chúrsaí pinsin le hÓgras/Conradh na Gaeilge.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith Fhostaithe uile Ógras/Chonradh na Gaeilge.

POLASAÍ

Cuirfidh an eagraíocht eolas ar fáil d'aon fhostaí nua ar scéimeanna pinsin atá ar fáil in Éirinn tar éis a thréimhse promhadh a chríochnú go sásúil. Déanfaidh an eagraíocht ranníocaíocht suas le 5%³ de thuarastal an Fhostaí a fhad is a dhéanann an fostaí ranníocaíocht den chéadatán céanna óna thuarastal fhéin agus go bhfuil an maoiniú ag an eagraíocht chuig sin.

Is féidir le Fostaithe Ranníocaíocht Shaorálach Bhreise (RSB) a dhéanamh chomh maith.

³ D'fheadfadh go bhfuil an ceadatán níos airde i gcásanna fostaithe a thosaigh ag obair le Conradh na Gaeilge roimh 2007.

H. LIÚNTAS d'FHREAGRACHTAÍ AR GHRÁD NÍOS AIRDE

CUSPÓIR

Is é cuspóir an pholasaí seo forléargas a thabhairt ar sheasamh Ógras maidir le Fostaithe a ghlacann le dualgais bhreise nó freagrachtaí Fostaí ar ghrád níos airde ar feadh tréimhse theoranta ama.

RAON

Tá feidhm ag an bpolasaí seo i leith Fhostaithe uile Ógras.

POLASAÍ

I gcúinsí áirithe bíonn sé riachtanach Fostaí a cheapadh chun feidhmiú i ngrád níos airde ar feadh tréimhse theoranta ama, m.sh. mar ionadaí i gcás Saoire Mháithreachais, Sos Gairme, neamhláithreachta fhada i gcás Saoire Bhreiteachta nó chun post folamh a líonadh go dtí go líontar ar bhonn buan é.

Sna cúinsí seo leanfar na nósanna imeachta seo a leanas:

- (i) Déanfaidh an Riarthóir, nó comhalta cuí eile den bhainistíocht, an riachtanas clúdaigh atá ann agus na Fostaithe atá oiriúnach chun réimse iomlán dualgas an phoist níos airde a chomhlíonadh a mheas.
- (ii) Gheobhaidh an Fostaí seo liúntas don ghníomhú breise má iarrtar orthu dualgais agus freagrachtaí an phoist ar ghrád níos airde a ghlacadh ar feadh tréimhse leanúnach de cheithre seachtaine ar a laghad de ghnáth agus de shé mhí ar a mhéid.
- (iii) Fad a mhaireann an tréimhse gníomhaithe uasghrádaithe, íocfar an fostaí ag íospointe an ghráid mheasta don ról a bhfuil siad ag comhlíonadh 100% dá ndualgais agus dá bhfreagrachtaí. Is faoi rogha na hEagraíochta atá an liúntas do ghníomhú uasghrádaithe.

Gníomhú uasghrádaithe níos faide ná 12 mhí

Sula mbíonn deireadh le teacht leis an ngníomhú uasghrádaithe ba chóir go mbeadh athbhreithniú á dhéanamh idir an Fostaí agus an Riarthóir, nó comhalta cuí eile den Bhainistíocht.

Má táthar á réamh-mheas go leanfaidh an riachtanas don ghníomhú uasghrádaithe níos faide ná an tréimhse tosaigh 12 mhí, déanfaidh an Riarthóir, nó comhalta cuí eile den Bhainistíocht cinneadh ar cheart an ghníomhú uasghrádaithe a fhógairt mar phost buan.

Ní mór gach gníomhú uasghrádaithe a bheith ceadaithe ag an Riarthóir, nó ag comhalta cuí eile den Bhainistíocht, sula nglactar leis na dualgais.

I. POLASAÍ COIMHLINT LEASA

AIDHM AN PHOLASAÍ

Is é aidhm an pholasaí seo tiomantas Ógras a léiriú do chur i bhfeidhm córais a chinntíonn nach n-ardaíonn coimhlint leasa agus go bhfuil an eagraíocht ag gníomhú de réir cheanglais na reachtaíochta lena mbaineann. Le cois na gceanglas dlíthiúil faoi Achtanna na gComhlachtaí agus / nó ceanglais faoi Eitic in Acht na hOifige Poiblí 1995 cuirfear i bhfeidhm an polasaí seo a leanas chun trédhearcacht i ngach gníomh a ghlacann Ógras a chinntiú. Aithníonn Ógras go bhféadfadh coimhlint leasa dhealraitheach a bheith lán chomh dochrach le fíorchoimhlint leasa a bheith ann agus nach mór, dá réir, a leithéid a sheachaint

SCÓIP AN PHOLASAÍ

Tá an polasaí seo i bhfeidhm do gach ball d'fhoireann na heagraíochta agus do chomhaltaí boird na heagraíochta araon.

POLASAÍ

Arna cheapadh chuig Ógras, ní mór do gach ball den fhoireann agus ball den Choiste Stiúrtha sonraí a chur ar fáil do cheannasaí na heagraíochta maidir lena c(h)uid fostaíochta agus gach leas gnó eile lena n-áirítear scairshealbhaíochtaí, caidrimh ghairmiúla srl., a bhféadfadh coimhlint leasa a bheith ag gabháil leo nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an mball foirne / ar an gCoiste Stiúrtha maidir le cur i gcrích a c(h)uid feidhmeanna mar fhostaí / mar bhall den Choiste Stiúrtha. Maidir le leasanna ar bith de chuid duine de chlann an fhostaí / Choiste Stiúrtha a mbeifí ag súil go réasúnta leis go mbeadh sé/sí ar an eolas fúthu nó aon duine nó foras a bhaineann leis an bhfostaí / mball den Choiste Stiúrtha a bhféadfaí coimhlint leasa a bheith ag gabháil leis nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an bhfostaí / mball den Choiste Stiúrtha maidir le cur i gcrích a c(h)uid feidhmeanna ní mór dó/di iad seo a nochtadh chomh maith. Chun na críche seo, áireofar na daoine agus na forais seo a leanas orthu siúd a bhaineann leis an bhfostaí / mball den Choiste Stiúrtha:

- (a) céile, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leanbh nó leasleanbh;
- (b) dlúthchara;
- (c) comhlacht corpraithe lena mbaineann an fhostaí / comhalta boird;
- (d) duine ag gníomhú mar iontaobhaí d'aon iontaobhas, ar a mbeadh an fostaí / ball den Choiste Stiúrtha nó na daoine ag (a) nó (b) thuas nó an comhlacht corpraithe ag (c) thuas ina dtairbhíthe dá bharr; agus
- (e) duine ag gníomhú mar pháirtneir de chuid an fhostaí / bhall an Choiste Stiúrtha nó de chuid aon duine nó forais atá, de bhua (a) – (d) thuas, bainteach leis an bhfostaí / mball den Choiste Stiúrtha.

D'fhéadfaí tuiscint as gurb ann do choimhlint leasa i dtosca ina bhfuil leas bainteach ag an bhfostaí / mball den Choiste Stiúrtha mar a shainmhíntear in (a) – (e) thuas nó:

- i. Má tá sé/sí féin i mbun gnó le leas bainteach, bíodh sin ina dhuine aonair, ina chomhlacht corpraithe, ina chumann nó ina chomhlachas;
- ii. Má tá scaireanna nó úinéireacht nó leas dílseánaigh eile aige/aici nó má tá sé/sí ina f(h)ostaí den chomhlacht corpraithe, den chumann nó den chomhlachas;
- iii. Más féichiúnaí nó más creidiúnaí é/í den duine aonair sin, den chomhlacht corpraithe, den chumann nó den chomhlachas;
- iv. Má shealbhaíonn sé aon oifig bíodh sin mar Stiúrthóir nó mar chomhairleoir nó eile de chomhlacht corpraithe, de chumann nó de chomhlachas dá sórt, bíodh luach saothair ag dul leis nó ná bíodh;

- i) Ní mór do gach fostaí / ball den Choiste Stiúrtha sonraí maidir le leasanna gnó de réir mar atá leagtha amach thuas a chur ar fáil do cheannasaí na heagraíochta de réir mar a thagann siad chun solais dó/di le linn thréimhse a stiúrtóireachta.
- ii) Sa chás go mbeidh sé ábhartha in aon cheist a tharlaíonn, ní mór don fhostaí / ball den Choiste Stiúrtha a chur in iúl don cheannasaí na heagraíochta fostaíocht agus aon leasanna gnó eile na ndaoine uile a bhaineann leis/léi, de réir mar a shainmhínítear ag (i).
- iii) Is faoi lánrogha na heagraíochta é nochtadh mionscairshealbhaíochtaí na bhfostaithe / mball den Choiste Stiúrtha.
- iv) Sa chás go bhfuil fostaí / ball den Choiste Stiúrtha éiginnte faoi cé acu a éilíonn nó nach n-éilíonn an Polasaí seo nochtadh leasa dá c(h)uid féin nó de dhuine bainteach, ní mór dó/di dul i gcomhairle le Cathaoirleach/Riarthóir na heagraíochta.
- v) Coimeádfar sonraí na leasanna thuas ag Cathaoirleach na heagraíochta i gclár rúnda ar leith agus déanfar é a nuashonrú gach bliain. Cuirfear in iúl do Chathaoirleach na heagraíochta a luaithe agus is féidir aon athruithe a tharlóidh san idirlinn. Ní bheidh teacht ar an gclár rúnda seo ach ag Cathaoirleach agus Riarthóir na heagraíochta amháin.
- vi) Sa chás go dtarlaíonn ceist a bhaineann le leasanna an Chathaoirleach, ní mór dó/di an Leas-Chathaoirleach nó ball eile den Choiste Stiúrtha a údarú chun plé leis an ábhar. Is é an duine a cheapfar amhlaidh a bheidh mar chathaoirleach ar chruinnithe agus plé nó cinneadh á dhéanamh ar an ábhar ina bhfuil leas ag an Chathaoirleach nó ag duine nó foras a bhaineann leis an Chathaoirleach. Ní mór don Chathaoirleach bheith as láthair le linn plé agus próisis chinnteoireachta dá sórt.
- vii) Ní chuirfear ar fáil don fhostaí / bhall den Choiste Stiúrtha aon cáipéisí eagraíochta a bhaineann le haon phlé maidir leis na leasanna thuas sula ndéanfar cinneadh. (Ar na cáipéisí sin áireofar na cáipéisí siúd atá bainteach le cásanna a bhaineann le hiomaitheoirí do na leasanna thuas). Ar chinní a bheith déanta, cuirfear in iúl don fhostaí / don bhall den Choiste Stiúrtha iad.
- viii) De thairbhe go n-aithnítear go bhféadann leasanna an fhostaí / an bhall den Choiste Stiúrtha agus daoine a bhaineann leis/léi athrú go rialta, ní mór don fhostaí / bhall den Choiste Stiúrtha, má fhaigheann sé/sí cáipéisí a bhaineann lena leasanna nó le leasanna daoine a bhaineann leis/léi, na cáipéisí a chur ar ais chuig Cathaoirleach na heagraíochta a luaithe agus is féidir.
- ix) Ní mór d'fhostaithe / bhaill na heagraíochta a chinntiú go bhfanann siad amach as plé nó cinneadh ar ábhair a tharlaíonn ina bhfuil leas ag an bhfostaí / ag an mball den Choiste Stiúrtha sin (seachas ina c(h)áil mar fhostaí / ball den Choiste Stiúrtha san eagraíocht) nó ag duine nó foras a bhaineann leis an bhfostaí / ball den Choiste Stiúrtha. I gcásanna den chineál seo, coimeádfar taifead ar leithligh den idirphlé (nach mbeidh aon teacht ag an bhfostaí / mball den Choiste Stiúrtha air).
- x) Má bhíonn aon cheist maidir le cé acu a bhaineann nó nach mbaineann cás le leasanna an fhostaí / an bhall cen Choiste Stiúrtha nó duine nó forais a bhaineann leis an bhfostaí sin, is é Uachtarán na heagraíochta a dhéanfaidh cinneadh ar an cheist.

Láimhseáil Comhlintí Leasa

Teist

Féadann coimhlintí leasa tarlú mar gheall ar a bheith bainteach sa chinnteoireacht a bhaineann le hullmhú nó cur i bhfeidhm straitéis nó pholasaí Ógras, srl.

Seo leanas an eochairtheist a chuirtear i bhfeidhm i ngach cás:

An bhfuil leas an fhostaí / bball den Choiste Stiúrtha réamhchlaonta? – sin le rá an measfadh duine réasúnta, agus na fíricí á scrúdú go hoibiachtúil aige/aici, go mbeadh sé deacair ar an bhfostaí / mball den Choiste Stiúrtha cinneadh a dhéanamh go hoibiachtúil ar mhaithe le leas an phobail gan ligint dá leasanna tionchar a imirt air/uirthi.

I dtosca ina meastar gurb ann do choimhlint leasa, ní mór don fhostaí / ball den Choiste Stiúrtha:

- i. A chinntiú gur fograíodh agus gur cláraíodh go cuí a c(h)eimhlint leasa
- ii. Aon cháipéisí a cuireadh ar fáil ag an eagraíocht a bhaineann leis an ábhar i gceist a chur ar ais chuig Cathaoirleach na heagraíochta a luaithe agus is féidir
- iii. Fanacht amach as aon phlé ar an réimse siúd ina bhfuil leas ag an bhfostaí.

Nósmhaireacht ag cruinnithe na heagraíochta

Tar éis do gach fostaí / ball den Choiste Stiúrtha leas / leasanna a chlárú den chéad uair, ba cheart go mbeadh mír ar leith ar chlár na gcruinnithe a thagann ina dhiaidh sin faoin teideal “Eolas Nua i dtaobh leas na bhFostaithe / mBall den Choiste Stiúrtha”. Nuair a ardaítear an mhír sin ar an gclár ba cheart don Chathaoirleach a fhógairt ar bhealach simplí go bhfuil fáilte roimh bhaill den Choiste Stiúrtha a leas a dhearbhu, mar shampla, “Tá fáilte roimh baill den Choiste Stiúrtha a leas a dhearbhu trí theagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach na heagraíochta tar éis an chruinnithe”.

J. AIRTEAGAIL I mBUNREACTH ÓGRAS MAIDIR LE FOSTAITHE

- 26.. Is é an Buachoiste a cheapfaidh fostaithe an eagrais le faomhadh an Choiste Stiúrtha agus a shocróidh tuarastal agus coinníollacha ceapacháin fostaithe an eagrais, seachas an Riarthóir, agus na postanna sin a bheith ceadaithe ag Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge.
27. Is é Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge a cheapfaidh an Riarthóir agus a shocróidh tuarastal agus coinníollacha ceapacháin an Riarthóra.

K. Coinníoll Gaeilge

Dearbhú i dTaobh Úsáid na Gaeilge

Dearbhaímse agus geallaim leis seo mar choinníoll fostaíochta le Ógras, go n-úsáidfídh mé an Ghaeilge amháin i mo chuid oibre agus i ngnáthchúrsaí caidrimh, ach amháin nuair a bheidh gá lena mhalairt chun cuspóirí an phoist a chomhlíonadh is a chur i gcrích.

Ainm _____

Dáta _____

Ar son Ógras:-

Síniú an Riarthóra: _____

Dáta: _____

L. SCEIDIL AN LÁMHLEABHAIR FOIRNE

		Lth:
Saoire	Saoire Bhliantúil mar atá leagtha amach i gconradh an fhostaí 9 gcinn de laethanta saoire poiblí 4 lá breise ar gha iad a ghlacadh am Nollaig agus um Cháisc	18-20
Saoire thinnis	suas le 2 lá tinnis a thógáil gan teastas dochtúra, taobh istigh de theora 7 lá in aon tréimhse 12 mí agus teorainn 14 lá in aon trí bliana	21-25
Saoire mháithreachais	Tá gach ban-fhostaí i dteideal 26 seachtain bunsaoire mháithreachais a ghlacadh. Caithfear tús a chur leis an tsaoire ar a laghad 2 sheachtain roimh dheireadh sheachtain mheasta an tinnis chlainne agus caithfear ar a laghad 4 seachtaine a thógáil i ndiaidh bhreith an linbh. Féadfar tréimhse bhreise suas le 16 seachtaine gan tuarastal de shaoire mháithreachais a thógáil díreach i ndiaidh na tréimhse máithreachais tosaigh	26-27
Saoire thuismitheoirí	Tá gach fostaí incháilithe atá ina dtuismitheoirí nádúrtha nó uchtála, nó atá ag feidhmiú in loco parentis do leanbh faoi bhun na haoise iomchuí, i dteideal 14 seachtaine saoire gan phá a thógáil i ndáil leis an leanbh sin thar thréimhse shainithe ama	29-30
Laethanta saoire atharachta	3 lá saoire le pá a thabhairt d'aithreacha ar bhreith a linbh	36
Fóin phóca	Má bhíonn do theileafón póca pearsanta á úsáid agat le haghaidh úsáid na heagraíochta, cuir bille miondealaithe chuig an Riarthóir leis na glaonna a bhaineann leis an obair aibhsithe ionas gur féidir tú a chúiteamh ar a son	66
Am saor i gcúiteamh	Féadfar am saor in lieu a shainmhíniú mar shuim ama a aontaíonn fostaí agus an Riarthóir ar féidir é a ghlacadh mar chúiteamh ar aon am breise ar treoraíodh d'fhostaí a oibriú lasmuigh de na huaireanta conradh atá acu	67
Taisteal	A oiread is féidir ba chóir d'Fhostaithe iompar poiblí a úsáid do thaisteal gnó. Déanfar fostaithe a chúiteamh ar son turais ghnó nuair a úsáideann siad a gcarr féin ar ghnó na heagraíochta ar 60c cent an míle	64
Cothabháil ar chúrsaí gnó	Iníoctha nuair a chuirtear admhálacha ar fáil. Ráta thar Oíche - (lóistín agus béile san áireamh) - Suas go huasmhéid €75 Liúntas Lae – níos mó ná 10 n-uaire (mura gcuirtear lón/dinnéar ar fáil) €20 Liúntas Lae – níos mó ná 5 uair ach níos lú ná 10 n-uaire a (mura gcuirtear lón/dinnéar ar fáil) €10	64-65